# Aguisíní leis an Straitéis

# Páirceanna agus Spásanna Oscailte



Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Aguisín 1

# Cur i bhfeidhm na Straitéise

## 1.1 Plean Gníomhaíochta um Páirceanna agus Spásanna Oscailte

Sa Phlean Gníomhaíochta seo a leanas, tiomsaítear na Gníomhartha atá leagtha amach i ngach caibidil den Straitéis seo agus cuimsítear Gníomhartha uileghabhálacha eile, lena n-áirítear Gníomhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte a thagann chun cinn i Straitéisí agus Pleananna eile de chuid na Comhairle i gcás inarb iomchuí. I gcás ina ndéantar macasamhlú i ndoiciméad na Straitéise Páirceanna agus Spásanna Oscailte ar bheartais laistigh de phleananna eile a ndéantar tagairt dóibh anseo freisin, ní thugtar sonraí orthu an athuair. Léirítear tosaíochtaí soiléire, agus comhairliúchán poiblí mar bhonn eolais fúthu, sna hachair ama seo a leanas a bhfuil coinne leo chun an straitéis a bhaint amach:

- Gearrthéarmach: 1 – 3 bliana, 2025-2028 (laistigh d'achar ama Phlean Forbartha an Chontae 2022-2028)
- Meántéarmach: 3—10 mbliana, 2028-2035
- Fadtéarmach: >10 mbliana, amach go dtí 2040 (i gcomhréir le forálacha an spriocdháta don daonra Náisiúnta agus Réigiúnach)

Tabharfaidh an Chomhairle faoi athbhreithniú bliantúil ar bhaint amach ghníomhartha na straitéise trí mheasúnú ar an dul chun cinn atá déanta i gcomparáid leis na gcuspóirí. Déanfar athbhreithniú foriomlán ar chuspóirí agus gníomhartha páirceanna agus spásanna oscailte i gcomhar leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae lena chinntiú go mbeidh an straitéis ábhartha i gcónaí agus gur féidir í a chur in oiriúint do riachtanais atá ag athrú.

Tabhair faoi deara, chun críocha na Straitéise seo, i gcás ina luaitear 'Comharsanacht' nó 'Ceantair Chomharsanachta', go dtagraíonn siad do na Comharsanachtaí agus na Ceantair Chomharsanachta atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2022-2028.

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| | **Fís Straitéiseach** | | | |
| POS_SV_01 | | Féachaint chuige go bhfuil rochtain mhaith chothrom ar spásanna oscailte ar ardchaighdeán chun tacú le sláinte agus folláine na bpobal. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_02 | | Pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh chun líonraí bonneagair ghlais a chruthú, a chosaint, a fheabhsú agus a bhainistiú ar mhaithe le nascacht fhisiciúil agus éiceolaíoch a chur chun feabhais, agus bithéagsúlacht agus caomhnú an dúlra agus athchóiriú an dúlra a chur chun cinn. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_03 | | Leanúint de sholáthar páirceanna agus spásanna oscailte ar fud an chontae a iniúchadh agus síneadh a chur le Bunachar Sonraí an Chórais Faisnéise Geografaí chun páirceanna agus spásanna oscailte a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu tríd is tríd a chuimsiú, chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar an acmhainn iomlán dá bhfuil ar fáil, a bheith in ann comparáid a dhéanamh in aghaidh caighdeáin ábhartha soláthair, agus soláthar iomchuí atá beartaithe don todhchaí a chumasú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_04 | | Beartais agus cuspóirí a bhaineann le páirceanna poiblí agus spás oscailte poiblí mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2022-2028 nó in aon phlean a thiocfaidh ina leaba a chur i bhfeidhm. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré n a Straitéise |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_SV_05 | | Soláthar maidir le hordlathas páirceanna agus spásanna oscailte poiblí a bhaint amach chun líonra nasctha páirceanna a chruthú chun a chinntiú go mbeidh 2.4ha ar a laghad de pháirceanna agus de spás oscailte poiblí in aghaidh gach 1000 duine laistigh den chontae, dáilte go cothrom agus ar fud gach ceantair Comharsanachta. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_06 | | Breithniú a dhéanamh ar an achar idir ceantair chónaithe agus páirceanna a chuireann feidhmeanna éagsúla ar fáil laistigh den ordlathas soláthair páirceanna, chun a chinntiú go ndáilfear soláthar páirceanna go cothrom. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_07 | | A chinntiú go bhfuil gach uile duine ar a bhfuil cónaí i gContae Átha Cliath Theas laistigh de 5 nóiméad de shiúl na gcos nó 300m ó pháirc phoiblí ina bhfuil 0.2 heicteár ar a laghad. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré n a Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| POS_SV_08 | | Soláthar páirceanna agus spásanna oscailte nua a lorg trí phróisis éagsúla, de réir mar is cuí agus mar atá leagtha amach sa Straitéis. Cuirfear sásraí i bhfeidhm chun spás oscailte poiblí breise a chur ar fáil, atá de mhéid leordhóthanach chun freastal ar fheidhmeanna ilchuspóireacha an spáis oscailte phoiblí, agus i gcomhréir le hordlathas sholáthar na bpáirceanna agus an spáis oscailte. Le cur i bhfeidhm na mbeartas i bPlean Forbartha an Chontae, agus / nó na mbeartas eile sa Phlean, cuidítear le spás oscailte poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le forbairt, mar a dhéantar le cur i bhfeidhm na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha. I gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí de réir rogha an údaráis pleanála, féadfar ranníocaíochtaí a áireamh leis sin freisin, in ionad spás oscailte poiblí a sholáthar. I measc sásraí eile, féadfar ceannach, fáil nó ainmniú talún chun na críche sin go sonrach a áireamh | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_09 | | Le cur i bhfeidhm na mbeartas i bPlean Forbartha an Chontae, agus / nó na mbeartas eile sa Phlean, cuidítear le spás oscailte poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le forbairt, mar a dhéantar le cur i bhfeidhm na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha. I gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí de réir rogha an údaráis pleanála, féadfar ranníocaíochtaí a áireamh leis sin freisin, in ionad spás oscailte poiblí a sholáthar. I measc sásraí eile, féadfar ceannach, fáil nó ainmniú talún chun na críche sin go sonrach a áireamh. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_10 | | Beidh soláthar páirceanna agus spásanna oscailte laistigh de láithreáin forbartha aonair agus ábhartha i gcomhréir le beartais agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae nó aon phlean a thiocfaidh ina leaba. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SV_11 | | Féachaint chuige go gcuirfí páirc nua amháin ar a laghad ar fáil in iarthar an chontae, a bheidh de mhéid chun freastal ar an daonra atá ag méadú sa cheantar seo agus sna ceantair máguaird, ar an ngá atá le rochtain ar pháirceanna móra agus chun an bonneagar glas agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, agus chun foráil a dhéanamh do chaitheamh aimsire sámh agus gníomhach, lena n-áirítear an t-éileamh ar pháirceanna imeartha. | CCÁCT | Meánach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_SV_12 | | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-áireofaí an pháirc atá beartaithe in iarthar an chontae mar chuid den chur chuige i leith Bonneagar Glas, agus iniúchadh breise le déanamh air sin i gcomhréir leis na cuspóirí i bPleananna Forbartha Chontae Átha Cliath Theas agus Chill Dara. Ina measc sin, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar pháirc líneach chun cabhrú le stíleanna maireachtála sláintiúla, turasóireacht a mhealladh, taisteal gníomhach, conairí éiceolaíocha a bhreisiú agus bainistiú uisce dromchla a fheabhsú, an acmhainneacht a bhaineann leis na bailte in aice láimhe mar chinn scríbe a fheabhsú agus tacú lena n-oidhreacht. | CCÁCT | Meánach |
| | **Gníomhú ar son na hAeráide** | | | |
| POS_CA_01 | | Beartais agus cuspóirí a chur i bhfeidhm a bhaineann le páirceanna poiblí agus spás oscailte poiblí mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Átha Cliath Theas 2024-2029 nó in aon phlean a thiocfaidh ina leaba. | CCÁCT | Meánach |
| POS_CA_02 | | A éileamh go mbeadh dearadh na gcóras inbhuanaithe draenála uirbí laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte i gcomhréir le Treoir Mhínithe, Dhearaidh agus Mheasúnaithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas maidir le Córais Inbhuanaithe Draenála (SuDS) 2022 agus, i gcás ina mbeartaítear bearta SuDS mar ghné de spás oscailte poiblí, go mbeidh siad nádúrtha ó thaobh foirme de agus go n-oirfeadh siad go maith do thírdhreach an spáis oscailte, rud a thacóidh le luach níos leithne ó thaobh na taitneamhachta agus na bithéagsúlachta de. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CA_03 | | Cuirfear na gníomhartha seo a leanas a bhaineann leis an aeráid i bhfeidhm laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte, agus déanfar gníomhartha eile a shainaithint agus a chur i bhfeidhm de réir mar is gá:<br>▪ Bealaí iompair inbhuanaithe a chur ar fáil chuig spásanna oscailte poiblí agus laistigh díobh – ar mhaithe le rothaíocht agus siúl;<br>▪ Tosaíocht a thabhairt do rochtain ar áiseanna siúil agus rothaíochta i ndáil le forbairtí spáis oscailte phoiblí atá ann cheana agus atá beartaithe araon;<br>▪ Líonra glasbhealaí nasctha a fhorbairt ar mhaithe le rothaíocht agus siúl áineasa sábháilte; | CCÁCT. I gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Náisiúnta, comhpháirtithe forbartha agus pobail áitiúla. | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | ▪ Bearta inbhuanaithe maolaithe tuilte atá iomchuí agus bunaithe ar an dúlra amháin agus maolú uisce dromchla a ionchorprú i scéimeanna atá ann cheana agus atá beartaithe i gcomhréir le Treoirlínte Draenála Uirbí Inbhuanaithe Átha Cliath Theas agus iad a chothabháil dá réir sin.<br>▪ Raon leathan éifeachtaí plandaithe a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar cháilíocht an aeir, iarmhairt teasoileáin uirbigh a laghdú, truailliú idirleata a scagadh, riosca tuilte a bhainistiú, uisce a stóráil le linn triomaigh, agus ar mhaithe le pailniú;<br>▪ A chinntiú go mbíonn scéimeanna plandaithe athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide<br>▪ Na spásanna timpeall ar chainéil abhann agus an crios bruachánach a chosaint agus a fheabhsú, agus cosaint a chur ar fáil ar fhorbairt lena laghdófaí a chumas uisce ó thuilte a mhaolú agus a scagadh murach sin.<br>▪ A chinntiú go mbíonn foirgnimh áineasa athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide agus tíosach ar fhuinneamh.<br>▪ Limistéir a scrúdú i bpáirceanna agus spásanna oscailte le haghaidh athchóiriú an dúlra agus/nó athbhunú speicis san fhiántas agus clár a chur i bhfeidhm chuige sin<br>▪ Deiseanna a shainaithint agus a bhrú ar aghaidh maidir le Bogaigh Comhtháite Tógtha chun aibhneacha agus srutháin a shníonn trí pháirceanna agus spásanna oscailte a ghlanadh agus a athchóiriú; is féidir é sin a dhéanamh agus lintéir á mbaint de shruthchúrsaí.<br>▪ Leanúint de chlár Mionchoillearnaigh Átha Cliath Theas a chur i bhfeidhm<br>▪ Leanúint de chlár Talún Móinéir Átha Cliath Theas a chur i bhfeidhm | | |
| | **Straitéis Lonnaíochta** | | | |
| POS_SS_01 | | Tacú le forbairt agus athghiniúint uirbeach inbhuanaithe lena soláthraítear feabhsuithe ar cháilíocht na bpáirceanna agus na spásanna oscailte atá ann cheana chun raon tairbhí agus úsáidí a bhaint amach, agus lena ndéantar freastal ar a gcothabháil fhadtéarmach. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré n a Straitéise |
| POS_SS_02 | | A chinntiú go gcuireann gach forbairt cónaithe nua rochtain ar fáil ar spás oscailte glas ilfheidhmeach, ina bhfuil raon taitneamhachtaí áineasa chun freastal ar gach aois agus cumas, i gcomhréir le forálacha Chaibidil 8 (Spás Oscailte Pobail agus Poiblí) den Phlean Forbartha nó aon phlean a thiocfaidh ina leaba. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SS_03 | | Dul i mbun oibre le Rannóga eile sa Chomhairle lena chinntiú go mbíonn an timpeallacht thógtha oiriúnach do leanaí agus inrochtana do chách, lena n-áirítear:<br>▪ Sábháilteacht mhéadaithe na spásanna poiblí agus rochtain níos fearr orthu.<br>▪ Aitheantas a thabhairt d'úsáid cosán agus bóithre mar spásanna súgartha agus a chinntiú go gcuirtear dearadh na gcosán agus na mbóithre sin san áireamh i dtionscadail sa ríocht phoiblí, e.g. sráideanna súgartha.<br>▪ Deiseanna súgartha beaga teagmhasacha a chruthú gar do thithe agus mar chuid lárnach de leagan amach tithíochta nua. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SS_04 | | A chinntiú go ndéantar an luach atá leis an mbithéagsúlacht a bhí ann riamh i spásanna oscailte nádúrtha, leathnádúrtha, glasa agus gorma, mar aon lena ngnáthóga, conairí éiceolaíocha, cáilíocht, agus an úsáid, rochtain nó taitneamh a bhaintear astu, a bhreithniú agus a choinneáil ar bun i gcás inar féidir laistigh de phleananna agus forbairtí nua, lena chinntiú nach gcailltear a luach. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SS_04 | | I gcás ina bhfuil ceantair chónaithe suite níos faide ná 300m ó pháirc phoiblí atá 0.2 heicteár ar a laghad ar mhéid, breithneofar uasghrádú agus feabhsú Spásanna Oscailte Taitneamhachta i bPáirceanna Beaga agus/nó Áitiúla, i gcomhar le pobail áitiúla. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| | **Ár mBonneagar Glas agus an Bhithéagsúlacht** | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_GIB_01 | | Bithéagsúlacht agus nascacht éiceolaíoch an Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú ag féachaint do reachtaíocht agus Straitéisí áitiúla, náisiúnta agus AE agus tacú le cur i bhfeidhm straitéisí bithéagsúlachta atá ann faoi láthair agus cinn a thiocfaidh ina leaba maidir le dearadh agus bainistiú na bpáirceanna agus na spásanna oscailte nua agus atá ann cheana uile, lena n-áirítear:<br>▪ An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2017-2021)<br>▪ An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí (2021-2025) | Comhairle Contae Átha Cliath Theas i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla, gníomhaireachtaí stáit eile agus comhlachtaí leathstáit | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| | | ▪ Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Átha Cliath Theas (2020-2026)<br>▪ Plean Gníomhaíochta Pailneoirí Átha Cliath Theas (2021-2025)<br>▪ An Treoir um Dhearadh agus Meastóireacht Mhínitheach maidir le Draenáil Inbhuanaithe de chuid CCÁCT (2022) | comhpháirtithe forbartha agus pobail áitiúla. | |
| POS_GIB_02 | | Féachaint le páirceanna agus spás oscailte poiblí agus limistéir nádúrtha/leathnádúrtha a sholáthar agus a chruthú chun ailíniú leis an Straitéis maidir le Bonneagar Glas i gcás inarb iomchuí. Beidh bainistiú na spásanna sin ag teacht le cuspóirí na Straitéise maidir le Bonneagar Glas lena chinntiú go gcosnófar agus go bhfeabhsófar an Bonneagar Glas, conairí éiceolaíocha agus gnáthóga ar fud an chontae. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| | | Chun raon na ngnáthóg agus a bhfeidhmeanna éiceolaíocha laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte Átha Cliath Theas a shainaithint, agus é de rún ann gnáthóga a bhfuil tábhacht ar leith leo a shainaithint agus pleananna chun iad a fheabhsú agus a chosaint a áireamh laistigh den Phlean Bainistíochta Páirceanna ábhartha de réir mar a fhorbraítear iad nó a dhéantar athbhreithniú orthu. | CCÁCT | Gearrthéarmach / Meánach |
| POS_GIB_03 | | Agus pleananna úsáide talún á bhforbairt, tá sé ríthábhachtach Plean Bonneagair Ghlais a sholáthar go luath don limistéar. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann sócmhainní bonneagair ghlais atá ann cheana sa cheantar a shainaithint lena chinntiú go gcuirfear páirceanna, spás oscailte, sreafaí SuDS dúlrabhunaithe, agus conairí bruachánacha agus éiceolaíocha ar an mbealach is fearr ar an leibhéal straitéiseach agus cuirfidh sé bonn eolais faoi shocrú bonneagair eile laistigh de cheantar an phlean, lena n-áirítear soláthar spórt gníomhach i gcas inar gá. Tá sé fónta dáileachtaí sonracha talún a shainaithint ar mhaithe le soláthar. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_04 | | A chinntiú go dtacaíonn aon fhorbairt cheadaithe leis na prionsabail agus na cosaintí a chuimsítear i Straitéis maidir le Bonneagar Glas Chontae Átha Cliath Theas 2022-2028 nó in aon Straitéis a thiocfaidh ina leaba. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_05 | | A chinntiú go dtugann córais bainistithe páirceanna agus spáis oscailte tosaíocht do shainaithint, cosaint agus feabhsú gnáthóg do speicis neamhchoitianta agus faoi bhagairt. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_06 | | Cosaint conairí éiceolaíocha a chur chun cinn mar aon le forbairt conairí éiceolaíocha nua i gcás ina bhfuil gá le naisc. Conairí éiceolaíocha a choinneáil ar bun ar fud an Chontae mar ghnéithe leanúnacha de bhonneagar glas lena gcuirtear bealach ar fáil don fhiadhúlra agus lena dtéitear i ngleic le bloghadh gnáthóg de dheasca fhorbairt an bhonneagair. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_GIB_07 | | Naisc ghlasa nua a chruthú agus dul i gcomhar leis na húdaráis máguaird chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna maidir le bonneagar glas réigiúnach. | CCÁCT i gcomhar le húdaráis áitiúla eile agus gníomhaireachtaí eile i gcás inarb iomchuí | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_08 | | Féachaint chuige go ndéanfar uiscebhealaí an Chontae a fhorbairt, a chaomhnú agus a bhainistiú go hiomchuí, i gcomhar leis na húdaráis bainistíochta ábhartha, amhail Uiscebhealaí Éireann. | CCÁCT i gcomhar le húdaráis áitiúla eile agus gníomhaireachtaí eile i gcas inarb iomchuí | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_09 | | Lintéir atá ann cheana a nochtadh trí pháirceanna agus spásanna oscailte i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le tograí ábhartha maidir le habhantracha chun an sruthchúrsa a thabhairt ar ais go caighdeáin éiceolaíocha inghlactha don bhithéagsúlacht agus, gach áit ar féidir, feabhas a chur ar cheangal gnáthóg agus líonra BG (bonneagair ghlais) an Chontae a neartú. | CCÁCT i gcomhar le húdaráis áitiúla eile agus gníomhaireachtaí eile i gcas inarb iomchuí | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_10 | | Oibriú go réamhghníomhach le húinéirí talún agus gníomhaireachtaí eile chun nascacht conairí a athbhunú i gcás inar ann d'fhorbairt shuaiteach, nó i gcás ina bhfuil deiseanna chun conairí nua a bhunú laistigh d'fhorbairtí atá ann cheana. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha agus gníomhaireachtaí | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| POS_GIB_11 | | Páirceanna, spásanna oscailte, spásanna taitneamhachta ginearálta, ciumhaiseanna bóthair oiriúnacha agus reiligí a bhainistiú chun líonra nasctha bonneagair ghlais a sholáthraíonn gnáthóga feabhsaithe a chur chun cinn agus éiceachórais nádúrtha a choinneáil ar bun. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_12 | | Luach bithéagsúlachta na bpáirceanna agus na spásanna oscailte a chosaint agus a fheabhsú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_13 | | Bithéagsúlacht ghéiniteach a fheabhsú ach speicis dhúchasacha de bhunadh Éireannach a phlandú agus sin amháin (i gcás ina bhfuil fáil orthu), go háirithe i gceantair lena ngabhann tábhacht mhór éiceolaíoch amhail conairí abhann agus ardtailte. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_14 | | Le linn pleananna bainistíochta aonair a fhorbairt le haghaidh páirceanna, cuirfear riachtanais na bpleananna bithéagsúlachta agus pailneoirí thuasluaite san áireamh agus beidh siad mar chuid de na riachtanais bainistíochta don pháirc.<br>Cuimseofar comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus pleananna bainistíochta aonair á bhforbairt le haghaidh páirceanna | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_15 | **Láithreáin Natura 2000** | Páirceanna agus spásanna oscailte a chaomhnú agus a bhainistiú go hiomchuí, ar cinn iad sin atá laistigh de láithreáin atá ainmnithe ag an AE agus go náisiúnta nó in aice leis na láithreáin sin agus ceantair atá tábhacht go háitiúil nach bhfuil ainmnithe,<br>a fheidhmíonn mar 'chlocha cora' ar mhaithe le bonneagar glas agus chun críocha Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_GIB_16 | | Féachaint chuige go ndéanfar láithreáin Eorpacha a cheangal le páirceanna, spásanna oscailte agus ceantair taitneamhachta ginearálta eile sa Chontae, agus le Contaetha in aice láimhe i gcás inar féidir, chun an líonra bonneagair ghlais níos leithne a neartú. | CCÁCT i gcomhar le húdaráis áitiúla eile agus gníomhaireacht aí eile i gcas inarb iomchuí | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_17 | | A chinntiú nach mbeidh éifeacht dhíobhálach mhór ag tograí maidir le taitneamhacht nó caitheamh aimsire laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte atá in aice le láithreáin Eorpacha faoi chosaint nó gar dóibh, cibé acu sin ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail atá ann cheana agus/nó atá beartaithe. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_18 | | Chun caomhnú an dúlra agus gnáthóga agus speicis fiadhúlra a chosaint, a fhorbairt agus a fheabhsú, i gcás inarb iomchuí, i bpáirceanna agus i spásanna oscailte ach tacú le tionscnaimh um chaomhnú an dúlra agus oideachas comhshaoil. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_19 | **Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá Beartaithe (nPHAnna)** | A chinntiú nach mbíonn éifeacht dhíobhálach ag aon tograí maidir le forbairt nó bainistiú páirceanna agus spásanna oscailte ar luach bithéagsúlachta, éiceolaíoch, geolaíoch agus tírdhreacha na pNHAnna, agus feabhsuithe ar na réimsí sin a lorg i gcás inarb fhéidir, go háirithe laistigh de na codanna níos uirbithe den Chontae, amhail Gleann na Dothra, Gleann na Life agus an Chanáil Mhór. | CCÁCT agus comhpháirtithe forbartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_20 | | Maidir le fálta sceach/crainn atá slán agus os cionn an chomhriain 120m a chuireann le carachtar láidir tuaithe an Chontae, amhail na cinn siúd i bPáirc Choill Tobair, a chinntiú nach mbainfear díobh sin, agus a chinntiú go ndéanfar fálta sceach/crainn thábhachtacha agus conairí fiadhúlra féideartha a chosaint agus a fheabhsú i gcás inar féidir | CCÁCT agus úinéirí talún ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_21 | **Ceantair in a bhfuil Luach Taitneamhachta Mór – Sléibhte Bhaile Átha Cliath** | Dul i ndlúthchomhar le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus le páirtithe leasmhara eile chun tionscnaimh inbhuanaithe taitneamhachta agus áineasa a bhaint amach a bheidh nasctha, i gcás inar féidir, leis na páirceanna agus an líonra spáis oscailte atá ann cheana agus atá beartaithe, agus le Páirc Ghleann na Dothra agus Páirc Choill Tobair go háirithe. | CCÁCT le heagraíochtaí comhpháirtíochta | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_22 | **Gleann na Life agus Ordú um Limistéar Taitneamhachta Speisialta (SAAO)** | Na beartais ábhartha i bPlean Forbartha an Chontae a chur i bhfeidhm i ndáil le OLTS Ghleann na Life | CCÁCT agus páirtithe leasmhara ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_23 | **Gleann na Dothra** | Ceangal an fhearainn páirce phoiblí a chur chun cinn ar mhaithe le Bonneagar Glas an Chontae a threisiú i nGleann na Dothra | CCÁCT agus páirtithe leasmhara ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| POS_GIB_24 | | Leanúint d'éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt Ghleann na Dothra mar Pháirc Réigiúnach líneach, mar ghlasbhealach, agus mar cheantar ina bhfuil ardluach taitneamhachta, áineasa, oidhreachta, geolaíochta, bithéagsúlachta agus caomhnaithe, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin. | CCÁCT agus páirtithe leasmhara ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_25 | **An Chanáil Mhór** | Forbairt iomchuí na Canála Móire mar pháirc líneach agus mar bhealach áineasa ar mhaithe le siúl, rothaíocht, staidéar ar an dúlra agus gníomhaíochtaí uiscebhunaithe a chinntiú, agus é sin á bhaint amach i gcomhréir leis an Straitéis Páirceanna agus Tírdhreacha fhoriomlán ar thailte Chrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa. | CCÁCT, úinéirí talún ábhartha agus páirtithe leasmhara | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_GIB_26 | | Cruthú ceangal oiriúnach idir Páirc na Canálach Móire agus páirceanna agus spásanna oscailte eile a éascú agus monatóireacht a dhéanamh air sin, lena n-áirítear soláthar spáis oscailte nua ag síneadh Pháirc Ghleann an Ghrífín, Páirc na gCluainte Theas agus Páirc na gCluainte Thuaidh. | CCÁCT, úinéirí talún ábhartha agus páirtithe leasmhara | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_27 | | Tabhairt faoi fheabhsú bithéagsúlachta laistigh de pháirceanna agus limistéir spáis oscailte, ag gníomhú mar chlocha cora gar do Chonair na Canálach Móire. | CCÁCT, úinéirí talún ábhartha agus páirtithe leasmhara | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_28 | **Speicis Ionrach a** | A chinntiú nach mbíonn de thoradh ar thograí maidir le forbairt agus bainistiú páirceanna go scaiptear ná go dtugtar isteach speicis ionracha. | CCÁCT, úinéirí talún ábhartha agus páirtithe leasmhara | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_29 | | Chun freagairt phras agus cóireáil chuí ar speicis ionracha a chinntiú, cuir i gcás glúineach bhiorach, i gcás ina dtugann daoine den phobal fógra go bhféadfadh speicis den chineál sin, atá suite ar thalamh poiblí, bagairt a dhéanamh ar réadmhaoin. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_30 | | Maidir le clár na Comhairle um Speicis Choimhthíocha Ionracha a Choinneáil faoi Smacht, leanúint den chlár sin a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sé. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré n a Straitéise |
| POS_GIB_31 | **Crainn** | Leanúint de Straitéis Bainistíochta Crann Átha Cliath Theas: Maireachtáil le Crainn 2021-2026, nó aon phlean a thiocfaidh ina leaba, a chur i bhfeidhm. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_32 | | Freastal a dhéanamh ar cheannbhrat níos mó ar fud an chontae, go háirithe i gceantair nach bhfuil mórán crann iontu, chun cur leis an Sprioc Náisiúnta maidir le 18% foraoisiú faoi 2050 a bhaint amach. | CCÁCT | Fadtéarmach |
| POS_GIB_33 | | Conairí crann a leathnú i bPáirceanna Réigiúnacha ar fud an Chontae, agus sonraí léirmhínitheacha tacaíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus i meáin eile. | CCÁCT | Meánach |
| POS_GIB_34 | | Tabhairt faoi phlandú coillearnach agus foraoise nuaí i spás oscailte poiblí agus i láithreacha páirceanna cuí ar fud an Chontae. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_35 | | Tabhairt faoi phlandú 'mionchoillearnach' i limistéir mhóra féaraigh i bpáirceanna agus spásanna oscailte, mar thionscadal pobail áitiúil agus chun gníomhú mar ósais don bhithéagsúlacht. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_36 | | Tabhairt faoi phlandú crann sráide nua a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí feadh bóithre, go háirithe idir páirceanna agus spásanna oscailte a bhfuil an cumas iontu naisc ghlasa a threisiú nó a chruthú, agus teicnící plandaithe inbhuanaithe á nglacadh. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_37 | | Dul i gcomhar le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath chun Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath a bhaint amach mar aon le gníomhartha comhlántacha eile chun brat crann leanúnach agus speicis choillearnaí dhúchasacha a mhéadú sa chontae. | Dúlra Choillte le heagraíochtaí comhpháirtíochta lena n-áirítear CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_38 | **Fálta sceach** | Ról na bhfálta sceach mar chonairí fiadhúlra a chur chun cinn, agus a dtaitneamhacht amhairc agus a luach ó thaobh carachtar tírdhreacha de a fheabhsú, trí bhainistiú gníomhach agus plandú forlíontach i gcás inar gá. | CCÁCT, úinéirí talún ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_39 | | An acmhainneacht a bhaineann le fálta sceach a phlandú feadh bóithre a shaothrú chun borradh a chur faoi thaitneamhacht amhairc, an bhithéagsúlacht a fheabhsú, agus cuidiú chun truailliú torainn agus aeir a mhaolú. | CCÁCT, úinéirí talún ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_GIB_40 | | Clár athbhunaithe fálta sceach a chur i gcrích do Pháirc Choill Tobair chun na teorainneacha páirce atá ann cheana a athchóiriú agus teicnící traidisiúnta fáldluí a thabhairt ar ais chun na fálta sceach sa pháirc sin a neartú agus a threisiú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| | **Comhfhorbairt Shláintiúil Áite** | | | |
| POS_HP_01 | **Rannpháirtíocht an Phobail** | Forbróidh Áth Cliath Theas, i gcomhar le pobail áitiúla, tionscnaimh nua i bpáirceanna agus spásanna oscailte a chuirfidh le bithéagsúlacht a fheabhsú, ceannbhrat a leathnú agus fálta sceach, bogaigh agus conairí bruachánacha a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú chun cuidiú le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta, agus déanfaidh siad iniúchadh níos mó ar an gcaoi le hathchóiriú an dúlra a chur i bhfeidhm i suíomhanna iomchuí. | CCÁCT agus páirtithe leasmhara áitiúla | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_02 | | Leanúint de chomhpháirtíochtaí le grúpaí deonacha agus eagraíochtaí eile a fhorbairt agus a neartú chun feabhas a chur ar pháirceanna agus spásanna oscailte, agus dul i gcomhar le grúpaí áitiúla, scoileanna, clubanna spóirt, grúpaí óige agus cumainn cónaitheoirí áitiúla. | CCÁCT agus páirtithe leasmhara áitiúla | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_03 | | Straitéis chomharthaíochta agus bhrandála a fhorbairt do pháirceanna Átha Cliath Theas agus an straitéis sin a chur i bhfeidhm. | CCÁCT | Meánach |
| POS_HP_04 | | Maidir le faisnéis atá cothrom le dáta a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte agus faisnéis ghaolmhar agus cláir páirce eile ar shuíomhanna gréasáin agus ar mheáin shóisialta Átha Cliath Theas, í a athbhreithniú agus a choinneáil ar bun. | CCÁCT | Meánach |
| POS_HP_05 | **Spás Oscailte Poiblí** | Cur le hómós láidir áite a chruthú laistigh de chomharsanachtaí ach ceangail idir páirceanna agus spásanna oscailte a chumasú mar chuid de líonra Bonneagair Ghlais atá láidir agus athléimneach ina mbaintear leas as réitigh dhúlrabhunaithe. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_06 | | Maidir le spás oscailte poiblí i bhforbairtí cónaithe nua, a chinntiú go gcomhlíonann sé na caighdeáin chainníochtúla agus cháilíochtúla atá leagtha amach sa Phlean Forbartha agus sa Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte seo. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_07 | | Luach áineasa spásanna oscailte a fhreastalaíonn ar cheantair chónaithe atá ann cheana a fheabhsú mar chuid d'aon fhorbairtí inlíonta amach anseo nó, i gcás inarb iomchuí, freastal a dhéanamh ar uasghrádú ar pháirceanna eile sa cheantar máguaird trí ranníocaíocht airgeadais ina ionad sin, i gcás nach mbeifear in ann na caighdeáin iomlána maidir le spás oscailte a sholáthar le forbairt atá beartaithe. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_08 | | Forbairt gníomhaíochtaí fóillíochta amuigh faoin aer a chur chun cinn ar thailte atá ainmnithe le Cuspóir Criosaithe Spás Oscailte 'OS' (chun spás oscailte agus áiseanna áineasa a chaomhnú agus freastal a dhéanamh orthu). | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_09 | **Folláine Ghinearálta** | Comhlíonadh fhorálacha BG laistigh den Phlean Forbartha a mbeidh tionchar acu ar shláinte agus folláine an duine, e.g. soláthar páirceanna, limistéir áineasa agus bithéagsúlachta, etc. a chinntiú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_10 | | A chinntiú go bhfreastalaíonn páirceanna ar gach grúpa aoise agus cumais agus go leanann siad de dhea-chleachtas a sholáthar ó thaobh dearadh idirghlúine agus inrochtaineacht uilíoch de. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_11 | | Tacú leis na tairbhí agus na deiseanna cultúrtha, fisiciúla agus meabhairshláinte a chuireann páirceanna agus spásanna oscailte ar fáil do gach úsáideoir agus iad a spreagadh. Aitheantas a thabhairt don tábhacht atá le sláinte agus folláine an duine, agus go bhfreastalaítear ar gach aois agus cumas. | CCÁCT. Áth Cliath Theas Gníomhach. Gníomhaireachtaí Eile | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_HP_12 | **Iompraíocht Fhrithshóisialta** | Freagairt do dheacrachtaí a bhaineann le hiompraíocht fhrithshóisialta i bpáirceanna agus spásanna oscailte ach a chinntiú go gcloítear le prionsabail 'sábháilte de réir a dheartha' agus páirceanna agus spásanna oscailte á bhforbairt, faireachas éighníomhach a mhéadú i gcás inar féidir, rochtain neamhúdaraithe a chosc, ceamaraí TCI a shuiteáil i gcás inarb iomchuí, agus oibriú le grúpaí óige, scoileanna agus Gardaí Pobail sa cheantar. | CCÁCT agus comhlachtaí stáit ábhartha agus páirtithe leasmhara áitiúla | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_13 | | Pleananna sonracha a fhorbairt chun páirceanna a bhfuil iompraíocht fhrithshóisialta agus loitiméireacht tar éis dul i gcion orthu go díréireach a ghlacadh ar ais trí na háiseanna atá ar fáil do na pobail laistigh de na páirceanna a mhéadú agus, dá réir sin, borradh a chur faoin úsáid a bhaineann muintir na háite as na páirceanna. | CCÁCT agus comhlachtaí stáit ábhartha agus páirtithe leasmhara áitiúla | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_HP_14 | | Dul i gcomhar leis an nGarda Síochána i gcás ina dtagann feithiclí neamhúdaraithe isteach i bpáirceanna agus spásanna poiblí go mídhleathach, agus cuidiú i gcás inar féidir le cur i bhfeidhm | CCÁCT agus comhlachtaí stáit ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| | | fhorálacha an Bhille um Thrácht ar Bhóithre (Forálacha Ilghnéitheacha). | | |
| | **Gluaiseacht Inbhuanaithe** | | | |
| POS_SM_01 | | Dul i mbun oibre le Rannóga eile sa Chomhairle agus le gníomhaireachtaí stáit (amhail ÚNI) chun gréasán cuimsitheach nasctha coisithe agus raonta rothar a chur ar fáil ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, rud a chuireann an siúl agus an rothaíocht chun cinn mar chóir iompair níos inghnóthaithe do gach duine fásta agus leanbh, agus a chuireann feabhas ar fhéiniúlacht siúil agus rothaíochta an Chontae. | CCÁCT agus comhlachtaí stáit ábhartha agus páirtithe leasmhara áitiúla | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SM_02 | | Páirceanna agus spásanna poiblí a nascadh le chéile agus le limistéir thithíochta ina bhfuil bealaí sábháilte siúil agus rothaíochta a spreagann modhanna inbhuanaithe taistil agus a chuireann chun cinn bogshodar chuig saoráidí áineasa agus fóillíochta agus ar ais uathu. | CCÁCT agus comhlachtaí stáit ábhartha agus páirtithe leasmhara áitiúla | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SM_03 | | Nascacht idir páirceanna atá ann cheana agus spásanna oscailte ar cheachtar taobh de chonair an M50 a fheabhsú. | CCÁCT agus gníomhaireachtaí stáit ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SM_04 | | Deiseanna maoinithe a iniúchadh chun droichead éiceolaíoch nó tollán éiceolaíoch trasna an M50 a fhorbairt nó a iarfheistiú chun nascacht idir an dá thaobh de Pháirc Thigh Motháin, agus idir Páirc Bhaile Choilín agus spás glas ag Bóthar Chnoc na Seamar a sholáthar, ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht agus le pobail áitiúla araon. | CCÁCT agus gníomhaireachtaí stáit ábhartha | Fadtéarmach |
| POS_SM_05 | | Páirceanna poiblí a nascadh le modhanna iompair phoiblí trí chosáin fheabhsaithe, agus stopanna breise a chur chun cinn i gcás inar féidir. | CCÁCT agus gníomhaireachtaí stáit ábhartha agus soláthraithe seirbhíse | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SM_06 | | Tacú le pleanáil agus cur i bhfeidhm Glasbhealaí agus iad a chur chun cinn mar spásanna comhroinnte do choisithe agus rothaithe laistigh de pháirceanna poiblí agus mar bhealaí chun feabhas a chur ar an timpeallacht áitiúil agus taitneamhacht páirceanna. | CCÁCT agus gníomhaireachtaí stáit ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SM_07 | | Páirceáil phoiblí inmheánach a theorannú do Pháirceanna Réigiúnacha agus do Pháirceanna Comharsanachta móra amháin, cé is moite de chúinsí eisceachtúla ina ndéantar measúnú ar riachtanas sonrach, agus tosaíocht a thabhairt do pháirceáil do dhaoine faoi | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | mhíchumas, do dhaoine ar gach aois agus do theaghlaigh. | | |
| POS_SM_08 | | Áiseanna páirceála rothar a chur ar fáil i ngach páirc Réigiúnach, Chomharsanachta agus Áitiúil/Bheag. | CCÁCT | Meánach |
| POS_SM_09 | | Dul i mbun oibre le Rannóga eile sa Chomhairle chun tacú le siúl, rothaíocht agus modhanna taistil ghníomhaigh eile agus chun iad sin a spreagadh, ar modhanna taistil iad a nascann spásanna oscailte. | CCÁCT agus gníomhaireacht aí stáit ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré n a Straitéise |
| | **Bonneagar Pobail agus Spás Oscailte** | | | |
| POS_CIOS_01 | **Rannpháirtíocht an Phobail** | Leanúint de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le pobail ar fud an chontae agus iad rannpháirteach maidir le páirceanna agus spásanna oscailte atá ann cheana féin agus cinn nua a shuí, a dhearadh agus a bhainistiú. | CCÁCT i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_02 | | Maidir leis na torthaí agus na mianta a eascraíonn as an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh i ndáil leis an straitéis seo, caithfear a chinntiú go gcuireann siad bonn eolais faoi sholáthar spáis oscailte phoiblí, soláthar súgartha agus soláthar áineasa fud fad an Chontae. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_03 | | Leanúint de rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil a fhorbairt agus a neartú trí gach céim de chur i gcrích na Straitéise seo. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_04 | | Borradh a chur faoi líon na n-imeachtaí pobail a reáchtáiltear i bpáirceanna agus imeachtaí páirce atá oiriúnach do leanaí a fhorbairt agus a chur chun cinn i gcomhar le Seachtain na Bithéagsúlachta, Oíche Chultúir agus Seachtain na hOidhreachta. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_CIOS_05 | | Dul i gcomhairle le daoine óga, agus a gcuid barúlacha a lorg, trí na líonraí atá ar fáil agus faoin gClár Déagspás lena chinntiú go soláthraítear spásanna sábháilte, a mbaintear an úsáid cheart astu agus a léirítear meas orthu le feabhsuithe ar pháirceanna, agus monatóireacht a dhéanamh ar líon na ndaoine óga a dtéitear i gcomhairle leo agus ar na torthaí a fhaightear uathu. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_CIOS_06 | | Fiosrú a dhéanamh ar sheomraí ranga allamuigh i bpáirceanna i gcás inarb indéanta agus iad a fhorbairt, agus na gnéithe oideachais iomchuí ann lena n-úsáid laistigh díobh. | CCÁCT agus páirtithe leasmhara áitiúla | Gearrthéarmach |
| **Tag.** | **Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha)** | **Príomhghníomhartha** | **Freagracht** | **Achar Ama** |
| POS_CIOS_07 | **Saoráidí agus Ionaid Spórt Gníomhach** | Iniúchadh a dhéanamh ar bhonneagar spóirt agus áineasa ghníomhaigh laistigh den chontae, ar mhaithe le soláthar leordhóthanach saoráidí spóirt agus áineasa ghníomhaigh a chinntiú i bpáirceanna agus spásanna oscailte do dhaonraí atá ann cheana sa chontae agus cinn a réamh-mheastar, i gcomhréir le Plean Spóirt an Chontae, Áth Cliath Theas Gníomhach 2023-2028 nó aon phleananna eile a thiocfaidh ina leaba. | CCÁCT an Ríocht Phoiblí agus Rannóga Pleanála. Foireann Átha Cliath Theas Gníomhach. | Meánach |
| POS_CIOS_08 | | Bearnaí i soláthar i bpáirceanna agus spásanna oscailte ar fud an Chontae a iniúchadh agus tosaíocht a thabhairt do na ceantair sin a sainaithníodh inar beag saoráid spóirt allamuigh atá ar fáil. | CCÁCT | Meánach |
| POS_CIOS_09 | | Tacú le cur i bhfeidhm Phlean Spóirt an Chontae: Áth Cliath Theas Gníomhach 2023-2028, i gcás inarb ábhartha maidir le páirceanna agus spásanna oscailte poiblí, i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt (2018-2027) | CCÁCT agus Foireann Átha Cliath Theas Gníomhach. | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_CIOS_10 | | Tacú le soláthar saoráidí spóirt agus iad a éascú, de réir mar is iomchuí maidir le páirceanna agus spásanna oscailte, i gcomhréir le Straitéis Páirceanna Spóirt 2020 CCÁCT agus le forbairt Phlean Spóirt an Chontae agus na Straitéise Páirceanna agus Spásanna Oscailte seo. | CCÁCT agus Foireann Átha Cliath Theas Gníomhach. | Meánach |
| POS_CIOS_11 | | Straitéis Páirceanna Spóirt Átha Cliath Theas a chur i bhfeidhm faoi na 5 phríomh-cheannteideal seo a leanas:<br>▪ Leanúint leis an gcóras dian cothabhála bliantúil le haghaidh páirceanna imeartha atá ann faoi láthair agus infheistíocht chaipitil a chur i bhfeidhm chun páirceanna imeartha atá ann faoi láthair a uasghrádú le coibhéisí imeartha cluichí a fheabhsú<br>▪ An beartais um leithdháileadh páirceanna imeartha a chur i bhfeidhm chun tacú le húsáid mhéadaithe; lena n-áirítear comhroinnt páirceanna imeartha agus úsáid ilchuspóireach saoráidí agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid páirceanna imeartha chun damáiste do na saoráidí atá ann faoi láthair a chosc.<br>▪ An cumas chun athrú a dhéanamh ar chumraíocht na bpáirceanna imeartha a fhorchoimeád.<br>▪ Páirceanna imeartha nua a chur ar fáil chun fadhbanna toillte a chomhlíonadh agus solúbthacht sa dhearadh a choinneáil ar bun<br>▪ 5 pháirc imeartha shaorga a chur ar fáil ar fud an chontae chun cur leis an acmhainneacht fhadtéarmach agus an riachtanas traenála a chomhlíonadh<br>▪ Leanúint ar aghaidh ag cur saoráidí coimhdeacha ar fáil de réir mar is gá chun tacú le spóirt ghníomhacha laistigh de Pháirceanna agus Spásanna Oscailte Átha Cliath Theas, lena n-áirítear cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir Pailliúin Spórt | CCÁCT | Fadtéarmach |
| POS_CIOS_12 | | An clár pailliúin feistis spóirt a chur i bhfeidhm mar a chomhaontaigh an Chomhairle agus tacú le soláthar saoráidí coimhdeacha eile de réir mar is iomchuí. | CCÁCT | Meánach |
| POS_CIOS_13 | **Inrochtaineacht** | Inrochtaineacht Uilíoch a bhaint amach ar fud na ngnéithe uile i bpáirceanna Bhaile Átha Cliath Theas (cosáin, troscán, áiseanna céadfacha agus áineasa, etc.), lena n-áirítear prionsabail maidir le dearadh uilíoch a chomhlíonadh mar chuid den phróiseas deartha do pháirceanna agus spásanna oscailte. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_14 | | Leanúint de phrionsabail maidir le dearadh uilíoch a chuimsiú agus a chur san áireamh sna tograí uile a bhaineann le spásanna súgartha agus spásanna do dhéagóirí. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_15 | | Áireofar leis na tionscnaimh chun rochtain ar pháirceanna agus spásanna oscailte i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú: feabhsuithe ar bhealaí isteach, bealaí trí pháirceanna agus chucu ó limistéir chónaitheacha agus cinn scríbe in aice láimhe, Glasbhealaí agus bealaí comhroinnte feabhsaithe, comharthaíocht agus brandáil fheabhsaithe agus rochtain níos mó ar fhaisnéis maidir le páirceanna. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_16 | **Saoráidí do Chuairteoirí** | Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais atá ag athrú maidir le saoráidí do chuairteoirí i bpáirceanna agus spásanna oscailte, agus soláthar oiriúnach a lorg i gcás ina bhfuil dóthain custaiméirí ann, Páirceanna Réigiúnacha agus Comharsanachta go háirithe, chun an tóir atá orthu agus an taitneamh a bhaintear astu a fheabhsú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_17 | | Soláthar caiféanna/seomraí tae (ina bhfuil leithris phoiblí) i bPáirceanna Réigiúnacha agus i bPáirceanna Comharsanachta níos mó a mheas agus a chur chun cinn, ag brath ar an éileamh atá orthu, inmharthanacht tráchtála agus carachtar na páirce a bheidh ag glacadh leo. | CCÁCT | Meánach |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_CIOS_18 | | Soláthar leithreas laistigh de Pháirceanna Réigiúnacha agus Comharsanachta a mheas, mar chuid de shaoráidí tógtha eile ina ndéantar bainistíocht agus monatóireacht ghníomhach. | CCÁCT | Meánach |
| POS_CIOS_19 | **Saoráidí Súgartha** | Leanúint de spásanna súgartha nuálacha bunaithe ar shúgradh nádúrtha, limistéir súgartha chéadfaigh agus conairí súgartha a chur ar fáil i bpáirceanna agus spásanna oscailte poiblí ar fud an Chontae, faoin gClár Spáis Súgartha (2014-2020) agus tionscnaimh a thiocfaidh ina dhiaidh sin. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_20 | | Limistéir shúgartha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chur ar fáil, ina mbeidh an trealamh agus na saoráidí iomchuí, agus deiseanna súgartha dúlrabhunaithe á n-ionchorprú ar fud an Chontae, lena chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais aoisghrúpaí éagsúla agus cumas éagsúil trí fheabhas a chur ar éagsúlacht an trealaimh súgartha inrochtana. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_21 | | A chinntiú go gcomhlíonann an soláthar saoráidí súgartha na cúinsí a leagtar amach i gCaibidil 13 ‘Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht’ sa Phlean Forbartha nó go sáraíonn sé na cúinsí sin. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_22 | | Leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar sholáthar páirceanna scátála nua i gcás inar ann d’éilimh mar chuid den chlár Déagspás. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_CIOS_23 | | Na hamanna is ciúine agus is gnóthaí i gclóis súgartha a shainaithint agus an fhaisnéis sin a roinnt ar shuíomh gréasáin na Comhairle sa chaoi gur féidir le cuairteoirí amanna ciúine agus clóis súgartha níos ciúine a shainaithint agus a gcuairteanna a phleanáil ar an mbonn sin. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_CIOS_24 | | Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas súgartha na Comhairle laistigh de shaolré an Phlean Forbartha, agus an t-aiseolas ó leanaí agus an comhairliúchán a rinneadh leo le linn chur i gcrích Chlár Spásanna Súgartha Átha Cliath Theas á n-ionchorprú agus na ceachtanna nuálacha ó chlár Déagspás Átha Cliath Theas á gcuimsiú | CCÁCT | Meánach |
| POS_CIOS_25 | **Garraithe scóir** | Leanúint de láithreáin garraithe scóir atá ann cheana a chosaint agus a bhainistiú i gcomhréir le Straitéis Garraithe Scóir Átha Cliath Theas, lena n-áirítear saoráidí tacaíochta riachtanacha a sholáthar laistigh de limistéir garraithe scóir. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_26 | | Leanúint d’athbhreithniú a dhéanamh ar mhéideanna na ngarraithe scóir de réir mar is gá agus iad a leasú i gcás inarb iomchuí, chun a chinntiú go ndéanfar méideanna na ngarraithe scóir a thomhas go hiomchuí chun úsáid éifeachtúil a chinntiú, ionas nach n-éireoidh na garraithe scóir iomarcach agus chun freastal ar an éileamh sa cheantar. Déanfar limistéir garraithe scóir nua a dhearadh chun a chinntiú gur féidir méideanna ceapacha a leasú ionas go mbeidh siad chomh solúbtha agus is féidir. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_CIOS_27 | | Foráil a dhéanamh maidir le talamh a shainaithint a bheadh oiriúnach do sholáthar garraithe scóir le rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar iomchuí chun tacú leis an úsáid sin. Féadfar an talamh a shainaithint le linn próisis forbartha, ceannach talún nó ar shlí eile i gcás inar gá agus inarb iomchuí chun na críche sin. Beidh sé mar aidhm ag an gComhairle trí láithreán garraithe scóir breise ar a laghad a sholáthar (nó síneadh a chur leis na cinn atá ann cheana) ar fud an chontae le linn shaolré na Straitéise seo. | CCÁCT | Meánach |
| POS_CIOS_28 | | Scrúdú a dhéanamh ar láithreáin garraithe scóir atá faoi úinéireacht na comhairle ar an gcéad dul síos, i gcás inar ann dóibh laistigh de Chomharsanacht, féachaint an mbeadh sé indéanta síneadh a chur leo chun ceapacha breise garraithe scóir a sholáthar. Déanfar scrúdú ar fheabhsú na saoráidí tacaíochta garraithe scóir atá ann cheana laistigh de na pleananna chun síneadh a chur leo, chun tacú le sealbhóirí reatha na ngarraithe scóir agus le sealbhóirí garraithe scóir nua. | CCÁCT | Meánach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_CIOS_29 | | Agus láithreáin bhreise de gharraithe scóir á soláthar ag an gComhairle, déanfaidh sí measúnú ar spéis, toilleadh agus riachtanas sa phobal áitiúil maidir le soláthar Gairdíní Pobail agus, i gcás inarb iomchuí, déanfar limistéar laistigh den láithreán garraithe scóir a dhearadh mar Ghairdín Pobail. Féadfar machnamh a dhéanamh freisin ar Ghairdíní Pobail a iarfheistiú isteach i láithreáin garraithe scóir atá ann cheana, i gcás inarb iomchuí agus inar féidir. Ionas gur féidir iad sin a bhainistiú laistigh de chomhthéacs na ngarraithe scóir, beidh na gairdíní pobail ina gceapach níos mó laistigh de láithreán na ngarraithe scóir, agus beidh roinnt leapacha beaga ardaithe ann ar féidir iad a leithdháileadh ar dhaoine aonair. Déanfar an gníomh seo a chur chun cinn ar bhonn trialach laistigh de láithreán garraithe scóir amháin ar dtús. | CCÁCT | Meánach |
| | **Comharsanachtaí Bhaile Átha Cliath Theas** | | | |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach<br><br>más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| | **Iarthar na Cathrach / Teach Sagard / Ráth Cúil / An Caisleán Nua** | | | |
| POS_SDN_01 | | **Na beartais ábhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte don Cheantar Comharsanachta seo a chur i bhfeidhm** | | |
| POS_SDN_02 | | Iarrfaidh an Chomhairle 1 pháirc nua amháin ar a laghad a chur ar fáil in iarthar an chontae, a bheidh de mhéid chun freastal ar an daonra atá ag méadú sa cheantar seo agus sna ceantair máguaird, ar an ngá atá le rochtain ar pháirceanna móra agus chun bonneagar glas agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, agus chun soláthar a dhéanamh do chaitheamh aimsire sámh agus gníomhach, lena n-áirítear an t-éileamh ar pháirceanna imeartha. | CCÁCT | Meánach |
| POS_SDN_03 | | Ceantar PCÁ an Chaisleáin Nua:<br>Leanúint den soláthar spáis oscailte a dhaingniú atá de dhíth chun freastal ar thithe atá ann cheana féin agus i bpáirt le forbairtí tithíochta<br>breise mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae agus sa Phlean Ceantair Áitiúil | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_04 | | Iarthar na Cathrach/Ceantar PCÁ Bhaile Uí Fhoirtcheirn:<br>Leanúint den soláthar spáis oscailte a dhaingniú atá de dhíth chun freastal ar thithe atá ann cheana féin agus i bpáirt le forbairtí tithíochta breise mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae agus sa Phlean Ceantair Áitiúil | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_05 | | Ceantar Ráth Cúil:<br>Uasghrádú a chur i bhfeidhm ar Pháirc Ráth Cúil, mar atá leagtha amach i Staidéar Ráth Cúil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle in 2024 agus na coillearnacha a athghineann go nádúrtha agus an bhithéagsúlacht sa cheantar a chosaint. | CCÁCT | Meánach / Le leanúint ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_06 | | Ceann amháin de na cúig pháirc imeartha féir shaorga 3G atá beartaithe a chur ar fáil laistigh den chomharsanacht seo, nó díreach in aice láimhe, chun<br>freastal ar an éileamh ar pháirceanna imeartha agus ar an riachtanas traenála i gcomhréir leis an Straitéis Páirceanna Spóirt. | CCÁCT | Meánach |
| | **Cluain Dolcáin / Cluain Buiríosa / Caisleán na Gráinsí** | | | |
| POS_SDN_07 | | **Na beartais ábhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte don Cheantar Comharsanachta seo a chur i bhfeidhm** | | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_08 | | Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i gcrích na 'Straitéise Páirceanna agus Tírdhreacha' agus an 'Phlean Bainistíochta Bithéagsúlachta' do thailte an Chreasa Forbartha Straitéisí i gCluain Buiríosa. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_09 | | Pleananna a chur chun cinn maidir le soláthar spáis oscailte nua ag síneadh Pháirc Ghleann an Ghrífín, Páirc na Canálach Móire, Páirc na gCluainte Theas agus Páirc na gCluainte Thuaidh. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_10 | | Gníomhartha Straitéis Páirceanna Spóirt an Chontae a chur i bhfeidhm sa cheantar seo agus soláthar agus caighdeán leordhóthanach páirceanna imeartha a chinntiú chun freastal ar an ngá atá ann | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_11 | | Feabhsú gnáthóg a bhaint amach i bPáirc Bhaile Choilín mar chéim aistir i líonra BG. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_12 | | Leanúint de bheith ag soláthar uasghráduithe agus feabhsuithe ar pháirceanna agus spásanna oscailte atá ann cheana féin sa cheantar chun rochtain fheabhsaithe a éascú, níos mó áiseanna a chur ar fáil agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_13 | | Stádas Pháirc Chorcaí a chaomhnú agus a fheabhsú mar pháirc réigiúnach mar gheall ar a tábhacht maidir leis an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais (lena n-áirítear tuilte). | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_14 | | Machnamh a dhéanamh ar an uasghrádú ar spásanna oscailte taitneamhachta níos mó, i gcás inarb iomchuí, go páirceanna beaga/áitiúla chun na critéir íosta rochtana maidir le páirceanna a chomhlíonadh. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_15 | | Iniúchadh a dhéanamh ar an uasghrádú ar spásanna oscailte atá ann cheana nó modhanna eile chun rochtain ar pháirceanna laistigh de Cheantar Comharsanachta Chluain Dolcáin a mhéadú. | CCÁCT | Meánach |
| POS_SDN_16 | | Leanúint leis na huasghráduithe atá beartaithe ar Pháirc Réigiúnach Chorcaí agus ar Pháirc Áitiúil Chuidbhricht. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
| | **Leamhcán/Baile Phámar/Baile Adaim** | | | |
| POS_SDN_17 | | Na beartais ábhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte don Cheantar Comharsanachta seo a chur i bhfeidhm | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_18 | | Deiseanna a thapú chun áiseanna a uasghrádú agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú i bpáirceanna laistigh den Cheantar Comharsanachta seo. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_19 | | Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht feabhsuithe a dhéanamh ar spás oscailte taitneamhachta chun freastal ar rochtain ar riachtanais maidir le páirceanna áitiúla | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_20 | | Leanúint le huasghráduithe a dhéanamh ar Pháirc Ghleann an Ghrífín agus ar Pháirceanna Áitiúla/Beaga chun níos mó áiseanna agus bithéagsúlacht fheabhsaithe a chur ar fáil. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_21 | | Leanúint d'uasghráduithe a dhéanamh i bPáirc Ghleann Álainn i mBaile Phámar, chun feabhas a chur ar áiseanna taitneamhachta, spóirt agus caithimh aimsire. | CCÁCT | Meánach |
| POS_SDN_22 | | Suíomhanna oiriúnacha a shainaithint do shraith Páirceanna Beaga nasctha trí cheantair áiseanna atá ann cheana a uasghrádú agus a nascadh le páirceanna seanbhunaithe. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| POS_SDN_23 | | Leanúint le cur i bhfeidhm chlár na bpailliún spóirt i bPáirc Ghleann an Ghrífín, Páirc Shruthán Liam agus Páirc Airt Uí Ghríofa. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_SDN_24 | | Cur i bhfeidhm an tríú páirc i mBaile Adaim ag Tobar na gClog a bhaint amach. | CCÁCT | Meánach |
| | **Bóthar an Náis** | | | |
| POS_SDN_25 | | Na beartais ábhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte don Cheantar Comharsanachta seo a chur i bhfeidhm | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_26 | | Monatóireacht a dhéanamh ar mholtaí Chreat Straitéiseach City Edge maidir le spásanna oscailte agus iad a chur i bhfeidhm. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_27 | | Soláthar leordhóthanach spáis oscailte phoiblí a chinntiú laistigh de Phlean City Edge, i gcomhréir le hordlathas an tsoláthair laistigh de Phlean Forbartha an Chontae agus soláthar íosmhéid an Spáis Oscailte agus laistigh de na riachtanais maidir le hachair a bhaineann le páirceanna ar scálaí éagsúla laistigh den ordlathas chun freastal ar riachtanais an daonra atá beartaithe. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_28 | | A chinntiú go bhfuil dóthain spáis oscailte phoiblí ann laistigh den phlean chun freastal ar na gnéithe ilfheidhmeacha de spás oscailte poiblí, lena n-áirítear soláthar leordhóthanach áiseanna áineasa ghníomhaigh chun freastal ar riachtanais an daonra atá beartaithe. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| | **Ardtailte Tuaithe** | | | |
| POS_SDN_29 | | Na beartais ábhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte don Cheantar Comharsanachta seo a chur i bhfeidhm | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_30 | | Tacú le cur i bhfeidhm 'Phlean Tiontaithe Foraoise Shléibhte Bhaile Átha Cliath' arna dhéanamh ag Dúlra Choillte, i gcomhar le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath. | Dúlra Choillte agus comhpháirtithe ábhartha lena n-áirítear CCÁCT | Fadtéarmach |
| POS_SDN_31 | | Cur i bhfeidhm Ghlasbhealach na Dothra agus Thograí Mháistirphlean Pháirc Choill Tobair a bhaint amach, lena n-áirítear athbhunú agus athchóiriú fálta sceach chun Gleann na Dothra a nascadh leis na hardtailte | CCÁCT | Meánach |
| POS_SDN_32 | | Obair a dhéanamh le hUisce Éireann agus le comhpháirtithe eile chun a chinntiú go ndéantar cothabháil ar an acmhainn áiseanna agus caithimh aimsire laistigh de cheantar Thaiscumar Bhóthar na Bruíne chomh maith lena feidhm ríthábhachtach mar thaiscumar uisce don chontae agus don cheantar lena ngabhann tábhacht ó thaobh an chomhshaoil de. | CCÁCT agus Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha / úinéirí talún agus páirtithe leasmhara | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_33 | | Tacaíocht a thabhairt do chosaint Natura 2000 agus láithreáin ainmnithe eile laistigh de Shléibhte Bhaile Átha Cliath mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. | CCÁCT agus Gníomhaireachtaí ábhartha | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_34 | | Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht gníomhartha breise ar son na bithéagsúlachta, e.g. suirbhéanna ar ioraí rua agus tionscnaimh eile (i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí náisiúnta). | CCÁCT agus Gníomhaireachtaí ábhartha | Meánach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_SDN_35 | | Leanúint ar aghaidh ag obair le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara sa cheantar trí Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath (CSB) chun Plean Straitéiseach CSB a chur i gcrích. | CCÁCT agus Eagraíochtaí Comhpháirtíochta | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| | **Tamhlacht** | | | |
| POS_SDN_36 | | Na beartais ábhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte don Cheantar Comharsanachta seo a chur i bhfeidhm | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_37 | | Spásanna Glasa Taitneamhachta a shainaithint, spásanna a bhfuil acmhainneacht iontu feabhas a chur orthu le bheith ina bPáirceanna Áitiúla agus Beaga, bunaithe ar a suíomh, rochtain agus méid. | CCÁCT | Meánach |
| POS_SDN_38 | | Leanúint de bheith ag nascadh agus ag uasghrádú páirceanna agus spásanna taitneamhachta mar chuid den líonra spáis phoiblí | CCÁCT | Fadtéarmach |
| POS_SDN_39 | | Deiseanna a fhiosrú chun lintéir a bhaint den Phoitéal agus de Shruthán Bhaile an Fhaoitigh agus iad a dhéanamh níos nádúrtha. | CCÁCT | Fadtéarmach |
| POS_SDN_40 | | An nasc straitéiseach rothaíochta/coise a chríochnú ó chuid thuaidh Pháirc Chill an Ardáin, ag nascadh an N81 agus Shruthán Bhaile an Fhaoitigh le Páirc Sheáin Bhreathnaigh ar an taobh thoir | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_SDN_41 | | An suíomh agus an córas a shainaithint le haghaidh soláthar spáis oscailte phoiblí atá sainaitheanta laistigh de PCÁ Thamhlachta | CCÁCT | Gearrthéarmach / Meánach |
| POS_SDN_42 | | Saincheisteanna insiúltachta a shainaithint laistigh de cheantar PCÁ Thamhlachta agus a chinntiú go dtugtar aghaidh orthu le linn forbairtí nua; chun rochtain ar pháirceanna agus ar cheantair phoiblí atá ann cheana a fheabhsú agus le linn páirceanna nua agus an ríocht phoiblí uirbeach a dhearadh. | CCÁCT | Gearrthéarmach / Meánach |
| | **Teach Mealóg/ Baile Bhailcín/ Ráth Fearnáin/ Teach na Giúise** | | | |
| POS_SDN_43 | | Na beartais ábhartha a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte don Cheantar Comharsanachta seo a chur i bhfeidhm | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_44 | | Deiseanna a shainaithint chun Páirceanna Beaga, Áitiúla agus/nó Comharsanachta a fhorbairt, trí Spásanna Oscailte Taitneamhachta a fheabhsú nuair is iomchuí, bunaithe ar a suíomh, rochtain agus méid. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_45 | | Leanúint de bheith ag feabhsú agus ag forbairt áiseanna i bPáirceanna Áitiúla agus Beaga atá ann cheana féin | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_46 | | Leanúint de bheith ag nascadh agus ag uasghrádú páirceanna agus spásanna taitneamhachta mar chuid den líonra spáis phoiblí. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_SDN_47 | | Deiseanna a lorg chun acmhainneacht bithéagsúlachta Abhainn na Dothra agus chonairí Bonneagair Ghlais an M50 a fheabhsú, agus iad a nascadh nuair is féidir | CCÁCT agus gníomhaireachtaí stáit agus údaráis ábhartha | Meánach |
| POS_SDN_48 | | PCÁ Bhaile Uí Chuilinn a chur i bhfeidhm, rud a chuireann páirceanna agus spásanna oscailte ar fáil i gcomhar le forbairt agus sócmhainní bonneagair ghlais atá ann cheana féin á gcosaint ag an am céanna. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| | **Cur i bhFeidhm agus Bainistiú** | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_IM_01 | **Bainistiú agus Cothabháil Páirceanna agus Spásanna Oscailte** | Pleananna Bainistíochta a ullmhú do pháirceanna an Chontae, tús áite a thabhairt do sholáthar Réigiúnach agus Comharsanachta, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní fóillíochta agus taitneamhachta atá ar fáil agus chun feabhas leanúnach a chur ar shuíomh na páirce, ar an mbithéagsúlacht agus ar na háiseanna caithimh aimsire. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |

| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
|---|---|---|---|---|
| POS_IM_02 | | Iniúchtaí mionsonraithe ar Spás Oscailte a ullmhú, trí úsáid a bhaint as na critéir mheasúnaithe cáilíochta chun feabhsuithe sonracha cáilíochta breise a chinneadh do gach páirc agus spás oscailte agus chun Spásanna Oscailte Taitneamhachta oiriúnacha agus/nó spás oscailte tearcúsáidte ar féidir iad a uasghrádú go páirceanna a aithint le linn Chur i bhFeidhm na Straitéise seo. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_03 | | Leanúint ag obair i dtreo córas páirce saor ó lotnaidicídí trí mhonatóireacht agus íoslaghdú a dhéanamh ar úsáid ceimiceán agus trí roghanna eile a lorg maidir lena n-úsáid i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus ag teacht leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus leis an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_04 | | Leanúint de chosc a chur ar úsáid luibhicídí gliofosáit-bhunaithe i bpáirceanna, i gclóis súgartha agus i ngairdíní poiblí, cé is moite den láimhseáil a fhaigheann Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS). | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_05 | | Leanúint ar aghaidh leis an gclár talún móinéir i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Pailneoirí Átha Cliath Theas chun bithéagsúlacht i gceantair áitiúla a fheabhsú mar thaca leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, agus gníomhartha breise a mheas i gcás inar tairbheach iad do thaitneamhacht, don bhithéagsúlacht agus chun gnáthóga a chruthú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_06 | | Na caighdeáin is airde is féidir maidir le cothabháil tailte do limistéir fhoirmiúla spóirt a chur chun feabhais agus a choinneáil ar bun, chun an úsáid a bhaintear astu agus an tóir a bhíonn orthu a uasmhéadú. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_07 | **Páirceanna agus Spásanna Oscailte agus an córas pleanála** | Maidir le treoirlínte d'iarratasóirí pleanála i dtaobh tograí tírdhreacha a chur isteach (lena n-áirítear dearadh agus soláthar tírdhreacha agus spáis oscailte phoiblí, cosaint agus feabhsú bonneagair ghlais, bithéagsúlacht, réitigh dhúlrabhunaithe, súgradh leanaí, spóirt agus caitheamh aimsire gníomhach), na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_IM_08 | | A chinntiú go léiríonn iarratais phleanála conas a rannchuidíonn siad le Bonneagar Glas a chosaint nó a fheabhsú trí Phlean Bonneagair Ghlais a sholáthar agus Fachtóir an Spáis Ghlais a bhaint amach le linn an t-iarratas a chur isteach, i gcomhréir leis na beartais i bPlean Forbartha an Chontae. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_09 | | Athbhreithniú a dhéanamh ar thograí forbróirí chun na bearta riachtanacha uile a chur i bhfeidhm ar mhaithe le naisc BG a chruthú leis an líonra BG níos leithne, de réir an cháis shonraigh a bhaineann le gach forbairt. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_10 | | Athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte agus Nósanna Imeachta maidir le Glacadh Faoi Chúram i gcás spás oscailte poiblí agus iad a thabhairt cothrom le dáta, agus a chinntiú go dtarlaíonn an t-aistriú teidil i gcomhar leis na próisis um ghlacadh faoi chúram. | CCÁCT | Gearrthéarmach |
| POS_IM_11 | | Comhordú treoirlínte forbróirí a lorg le comhairlí cóngaracha (Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath). | CCÁCT | Gearrthéarmach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_IM_12 | | Cur le forbairt beartas náisiúnta a bhaineann le tírdhreach, bonneagar glas, páirceanna agus spásanna oscailte, de réir mar is iomchuí. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_13 | **Comhpháirtíochtaí** | Leanúint de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí stáit agus leathstáit eile a bhfuil baint acu le soláthar agus bainistiú spásanna oscailte poiblí agus caitheamh aimsire gníomhach, cuir i gcás Uiscebhealaí Éireann agus Coillte. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_14 | | Leanúint de bheith ag obair mar chomhpháirtí gníomhach laistigh de Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus leanúint de Phlean Straitéiseach CSB 2022-2026 agus aon phlean a thiocfaidh ina leaba a chur i bhfeidhm. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_15 | **Spórt agus Áineas Gníomhach** | Leanúint de raon deiseanna áineasa a sholáthar, a bhainistiú agus a choinneáil ar bun laistigh de pháirceanna, agus de bheith ag obair i gcomhar le comhlachtaí rialaithe spóirt chun forbairt áiseanna a phleanáil go straitéiseach gan tionchar a bheith ann ar úsáidí éighníomhacha ná ar charachtar páirceanna nó spásanna oscailte. | CCÁCT | Le dul ar aghaidh ar feadh shaolré na Straitéise |
| POS_IM_16 | | Leanúint de bheith ag obair i gcomhar le hÁth Cliath Theas Gníomhach agus le comhpháirtithe eile chun Plean Átha Cliath Theas Gníomhach agus aon phlean a thiocfaidh ina leaba a chur i gcrích, lena n-áirítear bonnlíne soláthair áiseanna spóirt agus áineasa ghníomhaigh sa chontae a leagan síos ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar riachtanais spóirt agus áineasa atá ann faoi láthair agus cinn a réamh-mheastar don Chontae, chun eolas a dhéanamh d'fhorbairtí amach anseo. | CCÁCT | Meánach |
| Tag. | Ábhar Beartais (agus ábhar tánaisteach más ábhartha) | Príomhghníomhartha | Freagracht | Achar Ama |
| POS_IM_17 | | Moltaí Straitéis Pháirceanna Spóirt 2020-2035 na Comhairle nó aon phlean a cuireadh ina hionad a chur i bhfeidhm. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_18 | **Súgradh Leanaí** | Leanúint leis an gcothabháil agus leis an uasghrádú ar chlóis súgartha agus ar spásanna súgartha atá ann cheana agus rochtain ar shaoráidí súgartha do gach leanbh laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú, agus tús áite a thabhairt do limistéir nach bhfuil soláthar oiriúnach iontu faoi láthair agus a bhfuil daonra ard leanaí iontu. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_19 | | Leanúint d'fhorbairt spásanna súgartha nádúrtha ar fud an chontae i gcás inarb iomchuí. Spásanna súgartha nádúrtha a chur in ionad páirceanna súgartha traidisiúnta níos sine de réir mar a shroicheann siad deireadh a saolré úsáidigh. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_20 | | An cumas a bhaineann le soláthar súgartha nádúrtha i bpáirceanna agus i spásanna oscailte ar fud an Chontae a leathnú. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_21 | **Madraí i bPáirceanna** | Úsáid páirceanna agus spásanna oscailte ag úinéirí madraí freagracha a éascú | CCÁCT | Leanúnach le linn shaolré na Straitéise |
| POS_IM_22 | | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gceanglas maidir le limistéir bhreise 'gan iall' a thabhairt do mhadraí i bpáirceanna agus i spásanna oscailte, i gcomhairle le húsáideoirí eile páirceanna. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_23 | | Athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh na limistéar 'gan iall' chun gnéithe breise atá báúil do mhadraí agus d'úinéirí madraí a ionchorprú iontu | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_24 | | Leanúint den obair a dhéantar le Maoir Madraí agus le Gardaí Pobail i gcás ina n-ardaítear imní faoi mhadraí nach bhfuil faoi smacht éifeachtach agus gníomh forfheidhmithe a ghlacadh in aghaidh úinéirí a scaoileann a madraí saor arís is arís chun damáiste agus/nó salú a dhéanamh. | CCÁCT | Leanúnach le linn shaolré na Straitéise |
| POS_IM_25 | **Imeachtaí i bPáirceanna** | Chun straitéis maidir le himeachtaí i bpáirceanna a fhorbairt a thacaíonn le himeachtaí gníomhacha, cultúrtha nó ealaíne i gcomhthéacs inbhuanaitheacht an chomhshaoil. | CCÁCT | Meánach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| POS_IM_26 | | Gné chuardaigh idirghníomhach gréasánbhunaithe a fhiosrú a bheidh an pobal in ann a rochtain chun léiriú a thabhairt ar ghnéithe agus ar shaoráidí páirce, amhail: leithris, caiféanna; spóirt, gnéithe gairneoireachta; soláthar súgartha lena n-áirítear súgradh nádúrtha; scíth a ligean; siúlóid ar mhaithe leis an tsláinte; imeachtaí; naisc; gnéithe foirmiúla agus stairiúla. | CCÁCT | Meánach |
| POS_IM_27 | **Fodhlíthe maidir le Páirceanna agus Spásanna Oscailte** | Athbhreithniú a dhéanamh ar na Fodhlíthe reatha maidir le Páirceanna agus Spásanna Oscailte a mhéid a bhaineann siad le maireachtáil chomhaimseartha, an comhshaol agus folláine ghinearálta | CCÁCT An Ríocht Phoiblí | Meánach |

## 1.2 Príomhshásraí Seachadta

### Scéim do Ranníocaíocht Forbartha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Tá foráil san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 do ranníocaíochtaí forbartha ionas go mbeifear in ann bonneagar agus saoráidí poiblí a sheachadadh lena n-áirítear iad seo a leanas a bhaineann de ghnáth le páirceanna poiblí agus le limistéir spásanna oscailte:

- soláthar spásanna oscailte, saoráidí áineasa agus pobail agus oibreacha tírdhreachaithe.
- bonneagar, a bhaineann le gnéithe den timpeallacht nádúrtha agus thógtha i dtaca le talamh, lena soláthraítear tairbhí éicea-shistéamacha agus sóisialta, lena n-áirítear bonneagar chun tacú le dícharbónú agus laghdú ar gháis ceaptha teasa antrapaigineacha.
- bonneagar, a bhaineann le gnéithe den timpeallacht nádúrtha agus thógtha i dtaca le huisce, uiscebhealaí agus dobharlaigh, lena soláthraítear tairbhí éicea-shistéamach agus sóisialta, lena n-áirítear bonneagar cosúil le cosaintí ar thuilte agus réitigh bainistíochta uisce inbhuanaithe.
- oibreacha a bhaineann le saintréith agus taitneamhacht limistéar a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, ina measc bóithre, cosáin, lánaí, páirceanna, faichí, spásanna oscailte agus aghaidheanna foirgneamh.
- talamh a fháil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na críocha dá dtagraítear sa liosta thuas

Le linn shaolré na Straitéise seo tá sé i gceist ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas Scéim do Ranníocaíochtaí Forbartha a dhéanamh lena mbeifear in ann bonneagar poiblí agus saoráidí a bhaineann le páirceanna agus limistéir spásanna oscailte a sheachadadh, lena n-áirítear na cineálacha saoráidí atá liostaithe thuas.

Maidir le Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile Átha Cliath Theas sainaithníodh an bonneagar poiblí agus na saoráidí seo a leanas *inter alia* mar thosaíochtaí, mar chuid den Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte seo:

- Cur i bhFeidhm na Straitéise Páirceanna agus Spásanna Oscailte
- Páirceanna nua a sholáthar mar atá leagtha amach sa Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte
- Cáilíocht na bpáirceanna agus na spásanna oscailte sa chontae a fheabhsú lena n-áirítear:
  - Feabhsuithe ar pháirceanna Réigiúnacha, Comharsanachta, Áitiúla agus Beaga atá ann cheana a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí phleananna bainistíochta agus trí iniúchtaí áineasa
  - Spásanna Oscailte (Taitneamhachta) atá ann cheana a shainaithint ar mhaithe le Páirceanna Beaga nó Áitiúla a uasghrádú
  - Saoráidí nua áineasa agus taitneamhachta
  - Saoráidí áineasa agus taitneamhachta atá ann cheana a fheabhsú
- Rochtain ar pháirceanna agus ar spásanna poiblí a fheabhsú lena n-áirítear:
  - Measúnú a dhéanamh ar an inrochtaineacht ar na páirceanna agus spásanna oscailte uile agus iad a fheabhsú i gcás inar gá
  - Feabhas a chur ar na bealaí chuig agus trí pháirceanna agus spásanna oscailte chomh fada le cinn scríbe agus limistéir chónaithe in aice láimhe
  - Bealaí isteach agus pointí rochtana chuig páirceanna agus spásanna oscailte a uasghrádú
  - Léiriú, comharthaíocht agus brandáil páirceanna
- Glasbhealaí agus rianta siúlóide / rothaíochta a fheabhsú agus a sholáthar lena n-áirítear:
  - Clár um Bealach Glas
  - Uasghráduithe agus feabhsuithe ar Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath
  - Rianta Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath
  - Céimeanna breise de Ghlasbhealach na Dothra lena n-áirítear Feabhas ar Chora Bhaile an Ridire agus ar cheannphointí eile
  - Glasbhealach na Camóige
- Cur i bhFeidhm na Straitéise Páirceanna Spóirt lena n-áirítear:
  - Clár um Pháirc Imeartha Féir Shaorga 3G
  - Clár um Phailliún Feistis Spóirt
  - Tionscadail um Dheontais Chaipitil Spóirt
- Cur i bhfeidhm an iniúchta agus na tuarascála maidir leis na Saoráidí Spóirt agus Áineasa atá beartaithe
- Seachadadh spóirt foirmiúil / neamhfhoirmiúil eile
- Clár MUGA
- Pailliún Spóirt Uisce Leamhcáin
- An Clár Déagspás
- Athsholáthar na Saoráidí Áineasa Mórscála
- Clár um athchóiriú agus cur i bhfeidhm spásanna súgartha
- Saoráidí chun tacú le gníomhaíocht ó ghlúin go glúin
- Gníomhartha don Athrú Aeráide lena n-áirítear:
  - Cur i bhFeidhm na Straitéise maidir le Bonneagar Glas
  - Cur i bhFeidhm na dTreoirlínte SuDS dúlrabhunaithe i gcás inarb iomchuí i bPáirceanna agus i Spásanna Oscailte
  - Bogaigh Chomhtháite Thógtha nua a thógáil i gcás inarb iomchuí i bPáirceanna agus Spásanna Oscailte
  - Cur i bhFeidhm na dTionscadal faoi Phlean Pailneoirí Bhaile Átha Cliath Theas
  - Clár Athchóirithe Dúlra.
  - Staidéar ar Cheannbhrait Crainn agus

gníomhartha gaolmhara
    - Clár um Choillearnach Uirbeach
    - Clár athchóirithe fálta sceach
    - Clár Garraithe Scóir
- Feabhsuithe Tírdhreacha chuig bóithre rochtana sa chontae lena n-áirítear
    - Scéim Feabhsúcháin N81 agus scéimeanna eile
- Uasghrádú ar pháirceanna agus spásanna oscailte agus saoráidí atá ann cheana lena n-áirítear:
    - Uasghrádú ar chur i láthair na bpáirceanna (Bealaí isteach, carrchlóis, pointí rochtana agus teorainneacha)
    - Uasghrádú ar Pháirc Sheáin Bhreathnaigh agus ar shaoráidí lena n-áirítear Faiche bollaí Pháirc Sheáin Bhreathnaigh
    - Uasghrádú ar Pháirc an Bhuitléaraigh agus Mhic Aodha
    - Páirc Ghleann an Ghrífín
    - Páirc Choill Tobair (Saoráidí agus Feabhsuithe)
    - Páirc Chill an Ardáin agus an Chonair Ghlas
    - Páirc Dhiméin Leamhcáin
    - Uasghrádú ar an bPlás ag Oifig Chluain Dolcáin
    - Páirc Ráth Cúil lena n-áirítear páirceanna imeartha agus pailliún nua
    - Cur i bhFeidhm an Staidéir ar Pháirc Chorcaí
    - Saoráid ó ghlúin go glúin Páirc Thigh Motháin
    - Tionscadal chun Feabhas a chur ar *St Cuthbert's Park*
    - Parco Italia, Teach agus Diméin Leamhcáin
    - Páirc Shruthán Bhaile an Fhaoitigh
    - Campáil agus Athchóiriú Pháirc Charbhán Ghleann na Camóige
    - Páirc na Carraige Móire
    - Teorainn Mhachaire Gailf Chaisleán na Gráinsí
    - Teach Bhaile Uaitéir
- Tionscadail bonneagair chaipitil arna maoiniú ag DRCD
- Páirceanna nua ag:
    - Lár Pháirc Bhúlbhard Bhaile Adaim
    - Cluain Buiríosa Céim 3, Síneadh ar Pháirc Ghleann an Ghrífín
    - Cluain Buiríosa Céim 4, Páirc na Canálach Móire
    - Cluain Buiríosa Céim 5, Páirc Na Cluainte Theas
    - Soláthar páirce(anna) nua réigiúnacha / comharsanachta in iarthar an chontae.

**Ranníocaíochtaí in Lieu**

Cuirfear ranníocaíochtaí *in lieu* i bhfeidhm mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae agus sa Scéim do Ranníocaíocht Forbartha.

# Aguisín 2

# Bainistiú Páirceanna

## 2.1 Bainistiú Páirceanna, Pleananna Bainistíochta agus athbhreithniú leanúnach

### Bainistiú Páirceanna

Is comhpháirteanna riachtanacha den timpeallacht uirbeach iad páirceanna agus spásanna oscailte a chuireann spásanna anála luachmhara ar fáil, a thacaíonn le sláinte agus folláine dhaonra an Chontae, agus a spreagann an bhithéagsúlacht agus a chuidíonn chun na héifeachtaí a mheastar a bheidh ag aeráid atá ag athrú a mhaolú.

Tá páirceanna agus spásanna oscailte Bhaile Átha Cliath Theas ríthábhachtach maidir le rannchuidiú le hardchaighdeán beatha dóibh siúd a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gContae. Soláthraíonn siad gnáthóga le haghaidh próisis éiceolaíocha, fócasphointe le haghaidh áineas gníomhach agus éighníomhach, cuirtear idirghníomhaíocht phobail chun cinn leo agus cuidíonn siad chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú. Cuidíonn líonraí áitiúla de pháirceanna agus spásanna oscailte lena mbaineann caighdeán ard, atá dea-bhainistithe, sábháilte agus fáilteach chun an timpeallacht uirbeach a fheabhsú agus tionchar a imirt ar cá háit a roghnaíonn duine dul ag cónaí, ag obair agus ag súgradh.

Dá bhrí sin is rudaí iad atá ríthábhachtach do sheachadadh pobal inbhuanaithe agus sláintiúil agus comhpháirteanna tábhachtacha den Bhonneagar Glas, lena soláthraítear seirbhísí éiceachórais a bhfuil tábhacht mhéadaithe leo do dhaonra uirbeach an Chontae.

Tá meitheal i mBaile Átha Cliath Theas ag a bhfuil na scileanna agus an saineolas iomchuí chun feidhmeanna iomadúla a pháirceanna agus a spásanna oscailte a bhainistiú, lena n-áirítear dearadh, tógáil, bainistiú agus cothabháil na bpáirceanna agus na spásanna sin. Leis sin cinntítear go mbaintear amach an chothromaíocht cheart taobh istigh de na cineálacha éagsúla spásanna oscailte chun freastal ar an speictream iomlán riachtanas áitiúil. Leis an athrú aeráide, in éineacht le tosca sóisialta agus eacnamaíocha, patrúin forbartha atá ag athrú, cleachtais oibre agus fóillíochta, an tsofaisticiúlacht mhéadaithe a bhaineann le blas tomhaltóirí agus ionchais níos mó ón bpobal, cuireann na rudaí sin go léir éilimh nua ar spásanna oscailte agus is gá tacar scileanna tiomnaithe chun iad a bhainistiú.

### Pleananna Bainistíochta Páirceanna

Tá Pleananna Bainistíochta Páirceanna tábhachtach chun a chinntiú go bhfuil plean ann atá saincheaptha do pháirc ar leith, maidir lena hoibriú agus lena cothabháil amach anseo, agus lena gcoinneofar caighdeán an tsoláthair páirceanna. Is féidir leis na pleananna sin cuidiú chun

feabhsuithe agus forbairt a shainaithint amach anseo agus déanfar an chothabháil go hardchaighdeán. Forbraíonn próiseas an Bhrait Ghlais pleananna bainistíochta le haghaidh páirceanna móra. Forbraíodh tacar critéar den chineál céanna i mBaile Átha Cliath Theas chun pleananna bainistíochta a chruthú a bheidh i bhfeidhm maidir le bainistiú páirceanna chun a chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin chothabhála is gá.

Le haghaidh na straitéise seo, forbraíodh measúnú cáilíochta a leagadh síos go háitiúil agus cuirfear i bhfeidhm é chun cuidiú le forbairt pleananna bainistíochta aonair le haghaidh gach páirce le linn chéim an chur i bhfeidhm. Sannfar scóir in aghaidh leibhéal cáilíochta / cothabhála a bhfuil coinne leis, in aghaidh inrochtaineachta, an chumais maidir le luach bithéagsúlachta agus pobail. Bainfear úsáid as iniúchadh mionsonraithe ar spásanna oscailte agus iniúchadh bainistíochta chun rannchuidiú le forbairt na bPleananna Bainistíochta (tuilleadh eolais thíos.

### Iniúchtaí Mionsonraithe ar Spásanna Oscailte

Baineann an straitéis seo go mór leis an soláthar cainníochtúil ar Pháirceanna agus Spásanna Oscailte agus, mar a léiríonn na rannáin roimhe seo, sainaithníodh sa mheasúnú riachtanais phoiblí maidir le spásanna oscailte faoi láthair agus amach anseo do chomharsanachtaí i mBaile Átha Cliath Theas bunaithe ar shonraí daonra agus ar shonraí maidir le limistéir.

Is féidir le feabhsuithe i dtéarmaí chaighdeán gach páirce agus spás oscailte sa Chontae feabhas a chur ar an soláthar agus ar shonraí rochtana i ngach comharsanacht agus ba cheart d'iniúchadh spás oscailte níos mionsonraithe na deiseanna feabhais le haghaidh spásanna oscailte agus páirceanna a chinneadh mar fhorlíonadh ar an iniúchadh cáilíochta achomhair i gcodanna roimhe seo den Tuarascáil. Leis sin caithfear cuairt a thabhairt ar gach spás oscailte aitheanta chun tabhairt faoi iniúchadh in aghaidh tacar critéar réamhshainithe, arna gcomhlánú ag sprioc-suirbhéanna de chuid úsáideoirí na bpáirceanna laistigh de gach comharsanacht chun léargas breise a fháil ar riachtanais agus ar uaillmhianta na bpobal áitiúil.

Leis an iniúchadh mionsonraithe ar spásanna oscailte soláthrófar an sásra trína bhféadfar pleanáil agus seachadadh spásanna oscailte amach anseo a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí. Mar achoimre, ba cheart don iniúchadh:

- Measúnú a dhéanamh ar cháilíocht gach spáis oscailte atá ann cheana (féach thíos)

- Inrochtaineacht spásanna oscailte a shainaithint agus i gcás inarb iomchuí, bearta a aithint a bheidh le glacadh chun rochtain a sholáthar agus a fheabhsú;
- Measúnú a dhéanamh ar cháilíocht, luach agus áisiúlacht an spáis oscailte agus ní díreach ar an líon acu atá ann;
- Ionchur leanúnach ó phobail áitiúla a spreagadh.
- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na spásanna sin lena n-uasghrádú agus lena bhfeabhsú agus moltaí a dhéanamh
- A chinntiú go sainaithnítear agus go gcuirtear i bhfeidhm gníomhartha chun an Bonneagar Glas a fheabhsú laistigh de spásanna oscailte, ag cuimhneamh ar an bpríomhról atá ag páirceanna agus spásanna oscailte sa líonra Bonneagair Ghlais i gcoitinne

- Ba cheart an t-iniúchadh sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun an dul chun cinn a thaifeadadh le seachadadh na straitéise agus chun tosca athraithe a chur san áireamh (cosúil le deiseanna maoinithe agus láithreáin amhantair).

Forbraíodh comaoineacha maidir le Caighdeán Cáilíochta a díorthaíodh go háitiúil bunaithe ar chritéir don Bhrat Glas a úsáideadh roimhe seo, ach ina bhfuil rannán bithéagsúlachta a forbraíodh mar seo a leanas:

**Áit Fháilteach**

1. Bealaí isteach fáilteacha

2. Rochtain mhaith shábháilte

3. Comharthaíocht

4. Rochtain chothrom do chách

**Sláintiúil, Sábháilte agus Slán**

5. Trealamh agus saoráidí atá sábháilte agus inrochtana

6. Slándáil phearsanta

7. Soláthar iomchuí saoráidí

8. Cáilíocht áiteanna

**Bainistíocht**

9. Glan agus dea-choinnithe

10. Bainistiú bruscair agus dramhaíola

11. Cothabháil tailte agus gairneoireacht

12. Cothabháil foirgnimh agus bonneagair

**Acmhainn i gcomhair Bithéagsúlachta**

13. Naisc chuig líonra BG

14. Crainn agus tor dúchasach a phlandú

15. Fálta sceach agus talamh féaraigh leathnádúrtha

16. Gnéithe SuDs (lena n-áirítear bogaigh chomhtháite)

17. Gnéithe uisce nádúrtha (lena n-áirítear athphóifíliú sruthán)

## Iniúchadh Bainistíochta Mionsonraithe

Ba cheart don iniúchadh mionsonraithe ar spásanna oscailte tacaíocht a bheith aige ó athbhreithniú críochnúil ar riachtanais chothabhála atá ann cheana chun riachtanais a bhaineann go sonrach le láithreán a chinneadh maidir le gach spás oscailte poiblí agus mar threoir don bhainistíocht leanúnach ar spásanna oscailte ar fud an Chontae. Ba cheart don iniúchadh:

- Taifead mionsonraithe a thabhairt de ghnéithe fisiciúla an láithreáin agus saoráidí an láithreáin.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá an bhithéagsúlacht á cosaint agus á feabhsú laistigh den pháirc / spás oscailte agus gnáthóga sonracha agus aon chórais bainistíochta is gá á sainaithint.
- Measúnú a dhéanamh ar Shócmhainní an Bhonneagair Ghlais laistigh den pháirc agus in aice na páirce ar féidir iad a shainaithint, a fheabhsú agus a chosaint.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shaoráidí agus ar ghníomhaíochtaí atá ann cheana a sholáthraítear i dtéarmaí riachtanais oiriúnachta agus athraithe úsáideoirí.
- Measúnú leanúnach a dhéanamh ar riocht gnéithe sonracha amhail cosáin, bealaí isteach, teorainneacha, saoráidí súgartha agus spóirt leanaí a bhfuil cothabháil le déanamh orthu.
- Fadhbanna a bhaineann go sonrach le láithreán a shainaithint agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.
- Measúnú a dhéanamh ar chleachtas bainistíochta oibríochtúil agus breithmheas a dhéanamh arís nuair is gá chun dul in oiriúint d’athruithe ar riachtanais spásanna oscailte, amhail bearradh féir, bailiú bruscair, iompraíocht fhrithshóisialta, madraí, amanna oscailte, bainistiú cur agus soláthar soilsithe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh an leagain amach agus deiseanna a shainaithint i gcomhair uasghráduithe a d’fhéadfaí a dhéanamh.
- Measúnú a dhéanamh ar acmhainní agus ar an maoiniú a theastaíonn chun gníomhartha sainaitheanta a chur i bhfeidhm.
- Tosaíochtaí a leagan síos i gcomhair seachadta

agus na scálaí ama i gcomhair infheistíochta.

## 2.2 An Brat Glas

Cuireann Comhairle Contae Átha Cliath Theas béim mhór ar chaighdeán na spásanna oscailte poiblí. Is gné ríthábhachtach de chomhfhorbairt áite iad páirceanna agus spásanna oscailte ar ardchaighdeán a chur ar fáil atá deartha, suite agus cothabháilte go cuí. Ba cheart lear mór feidhmeanna a bheith ag spásanna oscailte poiblí, le saoráidí áineasa gníomhacha agus éighníomhacha araon in éineacht le gnéithe bithéagsúlachta lena bhfeabhsaítear féiniúlacht agus taitneamhacht limistéir.

Cé nach bhfuil aon chaighdeáin cháilíochtúla aitheanta go náisiúnta ann do pháirceanna agus do spásanna oscailte, is minic a úsáidtear scéim Ghradam na Brataí Glaise chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht páirceanna agus spásanna oscailte ar fud na Ríochta Aontaithe agus le déanaí in Éirinn. Tá iarratas i gceist leis an bpróiseas, agus déanann moltóirí oilte measúnú air i dtaca le critéir shonracha. Bronntar bratach ghlas le taispeáint ar na daoine a n-éiríonn leo. Riarann An Taisce (Iontaobhas Náisiúnta na hÉireann) an scéim in Éirinn. Bronnadh an stádas seo ar chúig pháirc i mBaile Átha Cliath Theas cheana féin faoi 2025:

- Páirc Chorcaí
- Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin
- Páirc Sheáin Bhreathnaigh
- Páirc Thigh Motháin
- Páirc Bhaile Uaitéir

Mar sin féin, aithnítear nach bhfuil sé iomchuí measúnú a dhéanamh ar gach páirc in aghaidh chritéir an Bhrait Ghlais i gcás chuid mhaith de limistéir spásanna oscailte poiblí an Chontae agus ní mheastar gur gá do Bhaile Átha Cliath Theas Bratacha Glasa a bhaint amach le haghaidh gach páirce. Mar sin féin, tá forbairt na bPleananna Bainistíochta Páirceanna tábhachtach chun a chinntiú go ndéantar cothabháil amach anseo chuig caighdeán ard, go háirithe sna páirceanna móra, agus úsáidfear bronnadh an Bhrait Ghlais nó critéir den chineál céanna chun cuidiú le forbairt na bpleananna bainistíochta do gach páirc lena chinntiú go mbaintear amach na caighdeáin chothabhála is gá.

Le haghaidh na straitéise seo, forbraíodh measúnú cáilíochta a leagadh síos go háitiúil (féach thuas) agus cuirfear i bhfeidhm é chun cuidiú le forbairt pleananna bainistíochta aonair le haghaidh gach páirce le linn chéim an chur i bhfeidhm. Sannfar scóir in aghaidh leibhéal cáilíochta / cothabhála a bhfuil coinne leis, in aghaidh inrochtaineachta, an chumais maidir le luach bithéagsúlachta agus pobail.

## 2.3 Fodhlíthe

Ghlac an Chomhairle leis na Fodhlíthe reatha maidir le Páirceanna agus Spásanna Oscailte in 2011 agus leagtar amach iontu na rialacha atá i bhfeidhm maidir le húsáid páirceanna agus spásanna oscailte agus maidir lena chinntiú gur féidir na rialacha sin a fhorfheidhmiú i gcás inar gá. Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar na Fodhlíthe le linn shaolré na Straitéise seo.

## 2.4 Taitneamhacht

Cuireadh i dtábhacht sa suirbhé ar úsáideoirí páirce (Féach Aguisín 4), go ndéanann na príomhghrúpaí úsáideoirí a thugann cuairt ar na páirceanna é sin san ord tosaíochta seo a leanas: aclaíocht neamhfhoirmiúil (27%), chun am a chaitheamh faoin aer (24%), súgradh leanaí (17%), siúl madraí (14%), ag bualadh le cairde (11%), spóirt a imirt (4%) agus ar chúiseanna eile (nó nach dtugtar aon chúis) (3%). Tá sé sin cosúil le torthaí den chineál céanna a fuarthas le linn an tSuirbhé ar Dhéagspás a rinne Baile Átha Cliath Theas, inar luadh arís eile an gá a bhí le limistéir do dhaoine chun bualadh lena chéile agus le haghaidh gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla do dhéagóirí.

Tá tacaíocht ag na freagraí sin ó roinnt staidéar ina dtaispeántar go méadaítear folláine fhisiciúil agus mheabhrach nuair a bhíonn rochtain ag duine ar an dúlra agus ar a bheith amuigh faoin aer. Ach rochtain éasca a bheith ar pháirceanna glana agus ar spásanna oscailte deasa a bhfuil gnéithe nádúrtha ag baint leo, spreagtar daoine chun níos mó aclaíochta a dhéanamh, gníomhaíocht laethúil a mhéadú agus tagann buntáistí móra sláinte leis. Leanfaidh Baile Átha Cliath Theas ag bainistiú agus ag oibriú páirceanna go cúramach chun an chomhpháirt nádúrtha agus an taitneamhacht amhairc laistigh díobh a chothabháil agus a fheabhsú agus chun a chinntiú gur féidir leanúint den tírdhreach nádúrtha a bhrath sna páirceanna agus rochtain ar an dúlra a sholáthar a mhéid is féidir. Tá sé tábhachtach chuige sin cothromaíocht a sholáthar idir limistéir ina soláthraítear lear mór gníomhaíochtaí agus limistéir áineasa éighníomhaí, agus radhairc ar an dúlra a choinneáil agus a chinntiú go gcoinnítear an taitneamhacht amhairc, lena n-áirítear saoráidí beartaithe a dhearadh agus a leagan síos go cúramach agus scagadh a dhéanamh ar ghnéithe a chuireann isteach air sin nuair is féidir.

Cuireann páirceanna agus spásanna oscailte raon leathan tairbhí agus luacha ar fáil, agus tarraingítear aird leis ar an tábhacht atá le straitéis a bheith i bhfeidhm le haghaidh fhorbairt agus bhainistiú na n-acmhainní sin. Aithníonn an Chomhairle na tairbhí sláinte, sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil atá le spásanna oscailte agus cuirfidh sí slite maireachtála gníomhacha sláintiúla chun cinn agus spreagfaidh sí úsáid níos mó as an spás oscailte.


## 2.5 Rochtain

Leagtar amach sa Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte na riachtanais maidir le Rochtain Uilíoch ar pháirceanna agus ar spásanna oscailte agus an tuairim ann nár cheart bacainní gan ghá a sholáthar. I gcás inar gá, féadfar mullaird a úsáid chun an pointe iontrála chuig saoráidí do choisithe nó do rothaithe a líniú, ach ba cheart dó leithead glan 1.5m ar a laghad a sholáthar chun freastal don raon iomlán feithiclí soghluaisteachta agus dóibh siúd a úsáideann rothair lastais.

Ba cheart rialuithe rochtana a dhearadh chun rochtain uilíoch a choinneáil agus ar mhaithe le saorshreabhadh rothaithe trí bhacainní. Ar an mbealach isteach chuig pointí idirghníomhaíochta is fearr más féidir é an t-ailíniú cothrománach a choigeartú trí shraonadh agus cuartha a sholáthar chun an ghluaiseacht a mhoilliú, in ionad siceáin nó geataí céimnithe a sholáthar a chuireann bac ar ghluaiseacht. Tabharfaidh sé sin deis do rothaithe, go háirithe, a bheith aireach ar an bpointe idirghníomhaíochta agus an gá luas a choigeartú dá réir sin chun an bealach a ghlanadh do choisithe nó do thrácht bóthair más gá.

Rialaítear an rochtain ar pháirceanna poiblí uaireanta trí shaoráidí sriantacha a úsáid cosúil le 'geataí aonfhir', bacainní atá suite gar dá chéile a chruthaíonn siceáin, mullaird atá suite gar dá chéile agus bearta eile chun stop a chur le hiompraíocht fhrithshóisialta, cosúil le húsáid feithiclí neamhdhleathacha, úsáid gluaisrothar agus cuadrothar i bpáirceanna (a mhéadaíonn an baol d'úsáideoirí eile páirce agus an damáiste do bhonneagar páirce), agus an spás poiblí a dhaingniú do phobail áitiúla. Mar sin féin, fágann roinnt mhaith de na rialuithe sin gur deacair d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, bugaithe, rothar etc. rochtain a fháil agus cuireann siad cosc ó thaobh rochtain uilíoch a fháil; mar sin níor cheart iad a shuiteáil ach amháin sa chás nach bhfuil aon rogha eile ann agus ar bhonn sealadach amháin, i gcás nár oibrigh bearta eile.

I gcás bealaí Taistil Ghníomhaigh i bpáirceanna agus i spásanna oscailte, soláthraítear treoir reatha ón ÚNI in 'Active Travel Advice Note: Access Controls of Active Travel Facilities' (Iúil 2022).



*Sampla de rochtain fháilteach ar pháirc, le bearna 1.8m tugtha chun rochtain uilíoch a thabhairt*

I gcás ina moltar rialuithe rochtana oiriúnacha (chun cosc a chur ar rochtain mhíchuí feithiclí ar shaoráidí do choisithe agus do rothaithe, lena n-áirítear glasbhealaí comhroinnte agus rotharbhealaí deighilte); ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar rochtain uilíoch.

Leanfaidh an Chomhairle Contae de mhonatóireacht a dhéanamh ar rochtain neamhdhleathach feithiclí, go háirithe i dtaca leis na bealaí isteach agus na teorainneacha páirce a dhaingniú, in éineacht le rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus na nGardaí. Leis an mBille um Thrácht ar Bhóithre (Forálacha Ilghnéitheacha) le déanaí, cuideoidh sé chun dul i ngleic leis an úsáid fhrithshóisialta a bhaintear as rothair streachailte agus as gléasanna eile easbhóthair i bpáirceanna poiblí.

Tugadh bearta isteach leis an reachtaíocht maidir le:

- Mótarfheithicil a úsáid atá coiscthe ar thalamh poiblí nó príobháideach, ach amháin i gcásanna ina bhfuarthas cead ó úinéir na talún. Cumhdaítear leis an moladh sin áiteanna amhail páirceanna, limistéir ghlasa, talamh bán, tránna agus eile, agus ní dhéanfar difear leis d'úsáid feithiclí ar thailte príobháideacha (amhail feirmeacha).
- Tá cumhachtaí ag an nGarda Síochána feithicil a úsáidtear i suíomh nach bhfuarthas cead ó úinéir na talún ina leith, a choimeád.
- Cuirtear ar chumas an Gharda Síochána, de bhun barántas gabhála, dul isteach in áitreabh príobháideach agus feithicil a thógáil amach, ar feithicil í a bhfuil amhras fúithi gur úsáideadh í contrártha leis an gcion nua.



## 2.6 Soilsiú

Ní sholáthraítear soilse go ginearálta i bpáirceanna agus i spásanna oscailte i mBaile Átha Cliath Theas. Bíonn uaireanta oscailte na bpáirceanna ag teacht go hiondúil le solas an lae go séasúrach. Ach soláthar a dhéanamh do limistéir dhorcha laistigh de pháirceanna i mBaile Átha Cliath Theas tugtar cosaint don timpeallacht agus do speicis mhamach atá faoi chosaint agus i gcontúirt lena n-áirítear an sciathán leathair. In aon chás, toisc gur spásanna móra oscailte iad na páirceanna go ginearálta agus nach mbíonn lear mór daoine á n-úsáid istoíche, ní mholtar daoine a spreagadh páirceanna a úsáid istoíche.Meastar gurb í an eisceacht air sin bealaí siúlóide agus rothaíochta gníomhacha áirithe atá sách gnóthach, nach léir aon bhealach malartach a bheith acu nó Bealaí Taistil Ghníomhaigh áirithe. Sna cásanna sin, is minic go mbíonn gá le córais soilsithe atá deartha go speisialta, cosúil le braiteoirí ar shoilse chun go mbeifear in ann iad a mhúchadh nuair nach mbítear á n-úsáid, úsáid soilse is féidir a ísliú etc. Ba cheart féachaint ar shoilsiú íseal-leibhéil freisin. De réir mar a fhorbraíonn taighde sa réimse seo tá coinne leis go gcuirfear idirghabhálacha breise i bhfeidhm i dtéarmaí dath agus teocht soilse chun an tionchar ar speicis íogaire a laghdú.

Is iondúil go dteastaíonn tuilsoilsiú ó shaoráidí cosúil le Páirceanna imeartha ina bhfuil Féar Saorga 3G agus ó shaoráidí áineasa eile a mbaintear dianúsáid astu. Sna cásanna sin, déantar machnamh cúramach ar shuíomh beartaithe na saoráidí sin agus deartar iad dá réir sin.

Bíonn gá le suirbhéanna agus measúnuithe comhshaoil sula ndéantar tograí den sórt sin chun a chinntiú gur beag tionchar nó nach mbeidh aon tionchar acu ar an timpeallacht atá ann cheana.



## 2.6 Úsáid lotnaidicídí

Leanann Baile Átha Cliath Theas ag obair i dtreo córais páirce saor ó lotnaidicídí trí mhonatóireacht agus íoslaghdú a dhéanamh ar úsáid ceimiceán agus trí roghanna eile a lorg maidir lena n-úsáid i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus ag teacht leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus leis an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta.

Chuir Baile Átha Cliath Theas cosc i bhfeidhm ar úsáid luibhicídí gliofosáit-bhunaithe i bpáirceanna, i gclóis súgartha agus i ngairdíní poiblí, cé is moite den láimhseáil a fhaigheann Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS) mar chuid de Phlean Rialaithe IAS. Féachtar i bPlean Pailneoirí Bhaile Átha Cliath Theas laghdú a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí nó deireadh a chur leis i bpáirceanna agus i spásanna oscailte Bhaile Átha Cliath Theas.

Is dúshlán ar leith i gcónaí é bainistiú agus rialú na Speiceas Coimhthíoch Ionrach chuige sin toisc go mbíonn cuid mhór de rialú na speiceas ionrach sin, ar baol atá iontu don bhithéagsúlacht, ag brath ar úsáid leanúnach lotnaidicídí. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú mar sin féin ar a n-úsáid agus lorgófar agus cuirfear i bhfeidhm roghanna malartacha i gcás inar féidir é. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh laghdóidh an Chomhairle an díobháil a d'fhéadfadh tarlú trí instealladh a úsáid i gcás inar féidir é, seachas spraeáil uilíoch.

## 2.7 Madraí i bPáirceanna

Tugann úinéirí madraí cuairt go minic ar Pháirceanna Bhaile Átha Cliath agus tá fáilte rompu sin a dhéanamh. Is cuid luachmhar de phobal úsáideoirí na bpáirceanna iad, agus iad ag úsáid na bpáirceanna ar bhonn rialta agus súil á coinneáil acu i gcónaí ar gach a mbíonn ag tarlú sna páirceanna. Mar sin féin, ní cheadaítear na madraí i gclóis súgartha, agus cuireann madraí nach mbíonn smacht orthu isteach ar chuairteoirí eile chun páirceanna. Is é fírinne an scéil ná go mbíonn formhór na ndaoine a bhíonn ag siúl lena gcuid madraí freagrach, ach é sin ráite bíonn fadhb le salachar madraí i roinnt áiteanna, agus rioscaí ag gabháil leis do shláinte an phobail agus don chomhshaol agus bíonn deacracht ar leith maidir le monatóireacht agus rialú nuair nach mbíonn na madraí ar iall. Beartófar agus tabharfar faoi oideachas spriocdhírithe agus forfheidhmiú i gcás ina n-aithnítear go bhfuil gá leis.

Ina theannta sin, ní cheadaítear siúlóid madraí ar bhonn tráchtála i bPáirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile Átha Cliath Theas gan chead.

Áirítear na forálacha seo a leanas i bhFodhlíthe CCÁCT le haghaidh Páirceanna agus Spásanna Oscailte, i dtaca le madraí:

- Ní thabharfaidh aon duine aon mhadra isteach i bPáirc ná ní cheadóidh sé d'aon mhadra fanacht i bPáirc mura bhfuil sé faoi smacht éifeachtach ar iall seachas i limistéir ainmnithe (áiteanna do mhadraí gan iall) nó

ag amanna arna sonrú ag an gComhairle Contae.

- Ní bheidh aon duine a bheidh i gceannas ar mhadra i bPáirc á chur i mbun cúrsála nó ní cheadóidh sé don mharc dul i mbun cúrsála i bPáirc.
- Glacfaidh daoine atá i gceannas ar mhadra i bpáirc cúram réasúnach chun é a chosc ó chur isteach ar aon duine a bheidh ag úsáid na Páirce nó ag cur imní, ag dul i ndiaidh ainmhí eile, ag déanamh díobhála nó ag cur isteach ar aon ainmhithe, éin nó aon ainmhí eile sa Pháirc.
- Beidh daoine den sórt sin dlite as aon damáiste nó díobháil a d'fhéadfadh an madra a dhéanamh, agus tógfaidh siad iad amach as an bPáirc é má ordaíonn Fostaí de chuid na Comhairle nó Duine Údaraithe dóibh déanamh amhlaidh.
- Má shalaíonn madra, seachas madra treorach, sa Pháirc, bainfidh an duine a bheidh i gceannas an mhadra an faecas den talamh agus déanfaidh sé diúscairt air ar bhealach ceart nó i ngabhdán eile a fhéadfar a ainmniú chun na críche sin.

Soláthraítear limistéir ina bhfuil saoirse ag madraí rith timpeall (gan iall) i bpáirceanna Bhaile Átha Cliath Theas ag Páirc Chorcaí, Cluain Dolcáin; Páirc Madraí Ghleann an Ghrífín, Leamhcán; agus limistéar do mhadraí rith timpeall gan iall i bPáirc Bhaile Uaitéir, i bPáirc Sheáin Bhreathnaigh agus i bPáirc Ráth Miontáin.

I gcomparáid leis sin, tá ceithre limistéar inar féidir madraí a ligean gan iall i bpáirceanna arna mbainistiú ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin; tá limistéar amháin ainmnithe 'gan iall' laistigh de pháirceanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; agus tá naoi gcinn de limistéir do mhadraí 'gan iall' i bpáirceanna Chomhairle Contae Fhine Gall.

Feidhmíonn Baile Átha Cliath Theas seirbhís Maor Madraí freisin agus déanann sé forfheidhmiú i dtaca leis na hAchtanna um Rialú Madraí. Leanfaidh an Chomhairle ag obair leis na Gardaí sa phobal má ardaítear imní faoi mhadraí contúirteacha agus glacfaidh siad gníomh forfheidhmithe in aghaidh úinéirí a ligeann dá madraí damáiste a dhéanamh agus/nó salú arís is arís.

## 2.8 Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbigh (SuDs)

Is réiteach dúlrabhunaithe é cur i bhfeidhm SuDS maidir le bainistiú uisce arb é is aidhm dó aithris a dhéanamh ar phróisis insíothlúcháin nádúrtha ón timpeallacht. Má dheartar limistéir SuDS i gceart soláthróidh siad limistéir ilfheidhmeacha. Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí a bhaineann le SuDS atá deartha i gceart:

- Laghdú ar an ráta agus an méid uisce stoirme a sceitear;
- Caighdeán sceite uisce stoirme agus na ndobharlach ina sceitheann sé a fheabhsú; agus
- Áis caitheamh aimsire a sholáthar do spásanna oscailte
- Tacaíocht don éagsúlacht i ngnáthóga agus an luach bithéagsúlachta a fheabhsú.

I dTreoir um Dhearadh agus Meastóireacht Mhínitheach maidir le Draenáil Inbhuanaithe i mBaile Átha Cliath Theas, CCÁCT 2022 tugtar treoir do dhearthóirí maidir le cur i bhfeidhm ceart SuDS i bhforbairtí Bhaile Átha Cliath Theas. Mura ndeartar limistéar SuDS i gcomhréir leis na treoirlínte chun na ceithre bhuntáiste thuas a bhaint amach ní mheastar go bhfuil sé oiriúnach do limistéar spáis oscailte poiblí.

Má táthar chun na limistéir sin a chothabháil caithfear córais bainistíochta atá ann cheana a athrú agus beartóidh Baile Átha Cliath Theas é sin a dhéanamh.

## 2.9 Bithéagsúlacht

Leanfaidh Baile Átha Cliath Theas do chothabháil páirceanna agus spásanna oscailte chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus tacú léi. Is comhpháirt thábhachtach de Bhonneagar Glas an chontae iad Páirceanna agus Spásanna Oscailte agus tá raon éagsúil gnáthóg i gcuid mhaith de pháirceanna Bhaile Átha Cliath Theas lena n-áirítear coillearnaí, fálta sceach, aibhneacha, díoga, locháin agus bogaigh.

Beidh Baile Átha Cliath Theas réamhghníomhach agus nuálach go fóill maidir le bainistiú páirceanna agus spásanna oscailte ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht. Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Pailneoirí atá sonrach don chontae (2021-2025), agus déanfar athbhreithniú air le linn shaolré na Straitéise seo. Tacaíonn an plean seo le seachadadh an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2017-2021), an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí (2021-2025) agus Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Átha Cliath Theas (2020-2026).

Le blianta beaga anuas, chuir Baile Átha Cliath Theas móinéir bhláthanna fhada agus ghearra i bhfeidhm i bpáirceanna agus i spásanna oscailte, ar foinse thábhachtach bithéagsúlachta iad agus a thugann tacaíocht do phailneoirí. Tá sé ag dul i méid ó bhliain go bliain ó bunaíodh é agus tá sé beartaithe go leanfaidh sé ag cur an chláir talaimh móinéir i bhfeidhm agus á leathnú i gcás inarb iomchuí.

Cuireadh an-fháilte freisin roimh an gclár mion-choillearnaí, a bhfuil tacaíocht aige ó ghrúpaí pobail lena leathnaítear agus lena bhfeabhsaítear an cumhdach crann dúchasach sa chontae. Tá sé

beartaithe leanúint do chur i bhfeidhm agus do leathnú an chláir mion-choillearnaí i gcás inarb iomchuí.

# AGUISÍN 3

# Beartais Threorach

Tá naisc ag an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte seo le beartais, straitéisí agus pleananna ar leibhéil idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla mar a achoimrítear thíos.

## 3.1 An Comhthéacs Idirnáisiúnta

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Is é is aidhm do na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), ar tháinig ceannairí an domhain ar chomhaontú maidir leo in 2015 domhan níos fearr agus níos cothroime a chruthú faoi 2030 – deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus aghaidh a thabhairt ar bhonn práinne ar an athrú aeráide agus deireadh a chur leis an éagothroime.

"Is iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an treoirphlean chun todhchaí inbhuanaithe níos fearr agus níos mó a bhaint amach do chách. Tugann siad aghaidh ar na dúshláin dhomhanda atá romhainn, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an mbochtaineacht, éagothroime, athrú aeráide, díghrádú comhshaoil, síocháin agus ceartas. Tá na 17 Sprioc fite fuaite ina chéile ar ndóigh, agus ionas nach bhfágfaimid aon cheann ar gcúl, tá sé tábhachtach go mbainfimid iad uile amach faoi 2030".

Na 17 Spriocanna Domhanda

- Díothú na Bochtaineachta: Rochtain ar bhunriachtanais an duine; sláinte, oideachas, sláinteachas
- Díothú an Ocrais: Faoiseamh bia agus daonnúil a sholáthar, agus táirgeadh bia inbhuanaithe a bhunú
- Dea-Shláinte agus Folláine: Córais sláinte níos fearr, níos inrochtana chun an t-ionchas saoil a mhéadú
- Oideachas Ardchaighdeáin: Oideachas ionchuimsitheach chun soghluaisteacht shóisialta aníos a chumasú agus deireadh a chur le bochtaineacht
- Comhionannas Inscne: Oideachas gan beann ar inscne, dlíthe comhionannais a bhrú chun cinn, ionadaíocht níos cothroime ar mhná
- Uisce Glan agus Sláintíocht: Rochtain a fheabhsú do na billiúin daoine nach bhfuil na saoráidí bunúsacha sin acu
- Fuinneamh Glan agus Inacmhainne: Rochtain ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, sábháilte agus atá ar fáil go forleathan do chách
- Obair Mhaith agus Fás Eacnamaíoch: Poist a chruthú do chách chun caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú, agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe a sholáthar
- Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar: Fostaíocht agus ioncam a ghiniúint trí nuálaíocht
- Éagothroime Laghdaithe: Éagothroime ioncaim agus éagothroimí eile a laghdú, laistigh de thíortha agus eatarthu
- Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe: Cathracha a dhéanamh níos sábháilte, ionchuimsithí, athléimní agus inbhuanaithe
- Ídiú agus Táirgeadh Freagrach: Na treochtaí ídithe reatha a aisiompú agus todhchaí níos inbhuanaithe a chur chun cinn
- Gníomhú ar son na hAeráide: Astaíochtaí a rialú agus a laghdú agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn
- Beatha Faoi Uisce: Éagsúlacht mhuirí a chaomhnú, a chur chun cinn agus cleachtais iascaireachta a rialáil
- Beatha ar Talamh: Dífhoraoisiú agus fairsingiú fásaigh de dhéanamh an duine a aisiompú agus an bheatha uile ar domhan a thabhairt slán
- Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre: Sochaíocha ionchuimsitheacha, institiúidí láidre agus rochtain chothrom ar an gceartas
- Comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis na Spriocanna: Comhpháirtíochtaí láidre domhanda a athbheochan ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe

## 3.2 An Comhthéacs Eorpach

Níl aon treoracha ar leibhéal an AE i láthair na huaire a bhaineann go sonrach le pleanáil, dearadh agus bainistiú páirceanna agus spásanna oscailte. Áirítear é seo leis an treoir is ábhartha:

### An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa (Coinbhinsiún Fhlórans)

Is é seo an chéad chonradh idirnáisiúnta atá dírithe go hiomlán ar gach gné de thírdhreach na hEorpa. Tá feidhm leis maidir le críoch iomlán na mballstát agus cumhdaítear limistéir nádúrtha, thuaithe, uirbeacha agus pheireauirbeacha leis. Baineann sé le tírdhreacha a bhféadfaí féachaint orthu mar thírdhreacha den scoth chomh maith le gnáth-thírdhreacha agus tírdhreacha díghrádaithe.

Dhaingnigh Éire 'an Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa' (CTE) in 2004.

Is é aidhm ghinearálta an Choinbhinsiúin údaráis phoiblí a spreagadh chun beartais agus bearta a ghlacadh ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun

tírdhreacha (nádúrtha, tuaithe, uirbeacha agus peireauirbeacha) a chosaint, a bhainistiú agus a phleanáil ar fud na hEorpa ar mhaithe le cáilíocht tírdhreacha a choinneáil agus a fheabhsú.

Leis sin ansin tugtar cúnamh don phobal, d'institiúidí agus d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha luach agus tábhacht an tírdhreacha a aithint agus a bheith páirteach i gcinntí poiblí gaolmhara. Mar fhreagra ar thiomantas na hÉireann don choinbhinsiún seo d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha in 2015.

### Treoir AE maidir le Gnáthóga/Treoir AE maidir le hÉin

Tugann na Treoracha sin cosaint do speicis flóra agus fána, do chineálacha gnáthóige agus do speicis éan. Tá an t-ainmniú a dhéanann ballstáit an Aontais Eorpaigh ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir Faoi Chosaint Speisialta lárnach do chuspóir an dá Threoir.

Tá na trí Láithreán Eorpacha Natura 2000 suite laistigh den Chontae:
- 001209 SAC Ghleann an Smóil
- 002122 SAC Shléibhte Chill Mhantáin
- 004040 SPA Shléibhte Chill Mhantáin

Tá Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna) ainmnithe chun speicis agus gnáthóga a bhfuil tábhacht náisiúnta leo in Éirinn a chaomhnú agus a chosaint agus tá siad bunaithe faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Is féidir speicis atá liostaithe faoi na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin ón Aontas Eorpach a áireamh leo sin. I gContae Átha Cliath Theas tá seacht gcinn de NHAnna beartaithe (pNHAnna), a sainaithníodh an chéad lá riamh ar bhonn neamhreachtúil ach nár ainmníodh go foirmiúil. Sainaithnítear na seacht pNHA seo a leanas laistigh den Chontae, agus is láithreáin Natura 2000 iad sin i nGleann an Smóil agus i Sléibhte Chill Mhantáin freisin:
- 000991 Gleann na Dothra
- 000128 Gleann na Life
- 002104 An Chanáil Mhór
- 001212 Gleann an Loig Mhóir Níl
- 000211 Slade of Saggart agus Gleann Chnoc Slinne
- 001209 Gleann an Smóil Tá (SAC)
- 002122 Sléibhte Chill Mhantáin* Tá (SAC & SPA)

### Straitéis AE maidir le Bonneagar Glas

In 2013, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis maidir le Bonneagar Glas, Bonneagar Glas (BG) – Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Fheabhsú "chun úsáid an bhonneagair ghlais san Aontas Eorpach a chur chun cinn i limistéir uirbeacha agus thuaithe."

Aithnítear sa straitéis go bhfuil sochaí an duine ag brath ar na tairbhí a thagann leis an dúlra amhail bia, ábhair, uisce glan, aer glan, rialú aeráide, cosc ar thuilte, pailniú agus caitheamh aimsire. Mar sin féin, úsáidtear cuid mhaith de na tairbhí sin, a dtagraítear dóibh go minic mar sheirbhísí éiceachórais, amhail is nach bhfuil teorainn lena soláthar agus caitear leo mar bheadh tráchtearraí saor in aisce ann agus ní thuigtear i gceart an fíorluach a bhaineann leo. Aithnítear freisin sa straitéis go ndearnadh tástáil rathúil ar an gcur chuige maidir le Bonneagar Glas agus gur uirlis úsáideach é ar mhaithe le tairbhí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a sholáthar trí réitigh nádúrtha. Cuidíonn sé linn luach na dtairbhí a sholáthraítear leis an dúlra do shochaí an duine a thuiscint agus infheistíochtaí a shlógadh chun iad a choimeád agus a fheabhsú.

Tá siad seo a leanas i measc na ndoiciméad eile idirnáisiúnta (ón Ríocht Aontaithe) atá go háirithe ábhartha don Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte:
- 'Guidance for Outdoor Sport and Play: Beyond the Six Acre Standard', Fields in Trust 2017
- 'Open space strategies - Best practice guidance', CABE 2009
- 'Planning and Design for Outdoor Sport and Play', UK Fields in Trust
- 'Nature Nearby', Natural England, Márta 2010
- 'Access to Natural Greenspace Standard' (ANGSt)
- 'Developing Open Space Standards - Guidance and Framework', Greenspace Scotland and Scottish Natural Heritage (Meitheamh 2013)
- 'Improving access to greenspace - A new review for 2020', Public Health England
- Planning Policy Guidance 17: 'Planning for open space, sport and recreation' – cé nach é an treoir reatha é, tá fiúntas ag baint leis an ábhar i gcónaí áfach in éineacht le The Companion Guide a ghabhann le PPG 17 ('Measúnú ar Riachtanais agus ar Dheiseanna'). Tháinig an Creat Náisiúnta Pleanála in ionad PPG 17 i mí an Mhárta 2012

## 3.3 Comhthéacs Náisiúnta / Réigiúnach

Ullmhaíodh an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte i gcomhthéacs na gcreataí beartais pleanála Náisiúnta seo a leanas (mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha):
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027
- Tionscadal Éireann 2040: An Creat Náisiúnta Pleanála
- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021
- An Plean Náisiúnta Maolaithe 2017
- An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe 2018
- Alt 28 Treoirlínte Aireachta lena n-áirítear Ceanglais a Bhaineann go Sonrach le Beartas Pleanála atá leagtha amach faoi Alt 28(1) den Acht.

Creataí beartais pleanála réigiúnacha ina gcuimsítear:

- An Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach don Réigiún Thoir agus Lár Tíre 2019-2031, lena n-áirítear Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre

### Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide

Is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (CAP24) an tríú nuashonrú bliantúil ar Phlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide.

Is é aidhm an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide treochlár gníomhartha a leagan amach lena mbeimid in ann ár gcuspóir aeráide náisiúnta a bhaint amach, is é sin díriú ar an aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá aeráidneodrach agus é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050. Tá sé sin i gcomhréir leis na buiséid charbóin atá ceangailteach de réir dlí ar fud an gheilleagair agus tairseacha astaíochtaí earnála a d'aontaigh an Rialtas i mí Iúil 2022.

### 'Beartas chun go mbeidh Údaráis Áitiúla in ann Páirceanna, Spásanna Oscailte agus Limistéir Áineasa Faoin Spéir a Sholáthar agus a Chothabháil', DoEHLG (1987)

Ba é an t-údarás áitiúil a bhí freagrach riamh anall as spás oscailte a sholáthar. Ba é an Town and Regional Planning Act, 1934, an phríomhreachtaíocht a bhain le soláthar spásanna oscailte agus luadh ann go bhféadfar soláthar a dhéanamh trí Scéimeanna Pleanála ar mhaithe le talamh áirithe a choimeád lena n-úsáid mar pháirceanna poiblí, tailte áineasa, spásanna oscailte, garraithe scóir, nó chun críocha áirithe eile, bídís poiblí nó príobháideach.

Ritheadh an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) in 1963. Leis an Acht sin rinneadh na hAchtanna um Pleanáil Bailte a bhí ann roimhe sin a neamhniú agus cuireadh oibleagáid ar údaráis áitiúla Pleananna Forbartha a dhéanamh. Luadh san Acht go gcuimseofar le plean forbartha ráiteas i scríbhinn agus plean ina léirítear cuspóirí forbartha don limistéar lena mbaineann, lena n-áirítear cuspóirí chun conláistí a chaomhnú, a fheabhsú agus a leathnú.

In 1987 d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an doiciméad (RCORÁ): 'A Policy for the Provision and Maintenance of Parks, Open Spaces and Outdoor Recreation Areas by Local Authorities' [Beartas maidir le Páirceanna, Spásanna Oscailte agus Limistéir Áineasa faoin Spéir arna Soláthar ag Údaráis Áitiúla].

Is í an treoir sin atá beagnach deich mbliana fichead d'aois faoin tráth seo an t-aon chomhairle náisiúnta atá ann go sonrach d'údaráis áitiúla ina ndéantar soláthar do pháirceanna, spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí áineasa faoin spéir. Sainaithníodh sa doiciméad an t-éileamh méadaithe atá ar sholáthar páirceanna poiblí, spásanna oscailte agus limistéar áineasa agus an gá atá ann an soláthar sin a chomhordú má táthar chun freastal go leormhaith ar an éileamh ón bpobal agus má táthar chun an luach is mó a bhaint as na hacmhainní teoranta atá ar fáil.

Cuireadh i dtábhacht sa treoir an soláthar ordlathas spásanna le treoir-chaighdeáin chainníochtúla fhorordaitheacha mar seo a leanas: Páirc Áitiúil ina bhfuil 2 heicteár ar a laghad de spás oscailte in aghaidh 1,000 daonra le gnáth-sholáthar Páirc Chomharsanachta 16 heicteár agus dhá Pháirc Áitiúil ina bhfuil 2 heicteár in aghaidh 10,000 daonra. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith sa Pháirc Chomharsanachta:

- Suas le 6 pháirc imeartha
- Suas le 10 gcúirt leadóige
- Suas le 2 chúirt líonpheile nó cispheile
- Suas le 2 phlásóg amasaithe gailf
- 1 chlós súgartha do leanaí
- 1 saoráid lúthchleasaíochta
- Carrchlós

Le déanaí, rinneadh athchothromú ar an mbéim chun díriú ar cháilíocht agus ar inrochtaineacht an tsoláthair. Sa tuarascáil seo, bhí na doiciméid seo a leanas áisiúi.

## An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha (2015–2020)

Chuir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an doiciméad beartais seo ar fáil mar fhreagra ar oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún Fhlórans. Aithnítear sa straitéis chomh casta agus chomh hábhartha is atá tírdhreach na hÉireann agus féachtar le cosaint, bainistiú agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh mhaoirseacht inbhuanaithe thírdhreach na hÉireann. Sainítear sé phríomhchuspóir:

1. Tírdhreacha a aithint sa dlí.
2. Measúnú Saintréithe Náisiúnta Tírdhreacha a fhorbairt.
3. Beartais tírdhreacha a fhorbairt.
4. Feasacht tírdhreacha a mhéadú.
5. Riachtanais oideachais, taighde agus oiliúna a shainaithint.
6. Rannpháirtíocht an phobail a neartú.

## 'Guidelines for Planning Authorities on Sustainable Residential Development in Urban Areas (Cities, Towns & Villages)' [Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha (Cathracha, Bailte & Sráidbhailte) RCORÁ 2009

**(Tabhair faoi deara, gur tháinig doiciméad eile in ionad an doiciméid seo-féach thíos, ach is fiú é a lua toisc go bhfuil faisnéis luachmhar ann maidir le spásanna oscailte poiblí d'ardchaighdeán a fhorbairt.)**

Rinneadh machnamh sa doiciméad sin ar sholáthar spásanna oscailte poiblí maidir le saincheisteanna Taitneamhachta/caighdeán beatha, agus ina gcuimsítear:

'Is féidir le spás oscailte poiblí tionchar dearfach a bheith aige ar fholláine fhisiciúil agus mheabhrach toisc go dtugann sé spásanna do dhaoine chun bualadh lena chéile, caidreamh a dhéanamh, aclaíocht a dhéanamh agus a scíth a ligean. Ní mór é a dhearadh go hiomchuí, a bheith lonnaithe i gceart agus dea-bhail a choinneáil air chun a úsáid a spreagadh. Tá sé ar cheann de na príomhghnéithe maidir le cáilíocht na timpeallachta cónaithe a shainiú.

Seachas áineas gníomhach agus éighníomhach a sholáthar go díreach, cuireann sé le braistint áite comharsanachta, cuidíonn sé chun spiorad pobail a chruthú, agus is féidir leis íomhá ceantair a fheabhsú (go háirithe limistéar athghiniúna).

Tá spás oscailte dea-dheartha níos tábhachtaí fós i bhforbairtí cónaithe ina bhfuil dlús níos airde.

Tá siad seo a leanas i measc na gcaighdeán cáilíochtúil a mholtar:

- Dearadh: An leagan amach agus na háiseanna – go háirithe i bpáirceanna móra – ba cheart iad a dhearadh chun raon riachtanas de chuid an úsáideora a chomhlíonadh, lena n-áirítear áineas gníomhach agus éighníomhach, mar a sainaithníodh sa straitéis cathrach/contae dá dtagraítear thuas.
- Inrochtaineacht: Ba cheart do pháirceanna áitiúla a bheith suite i bhfoisceacht 10 nóiméad siúil ó fhormhór na dtithe sa cheantar; ba cheart do pháirceanna ceantair a bheith suite ar bhealaí iompair phoiblí chomh maith le cosáin do choisithe/rothaithe. Ba cheart do chlóis súgartha a bheith suite go cáiréiseach laistigh de limistéir chónaithe ionas go mbeidh rochtain éasca orthu agus go mbeidh amharc orthu ó na tithe, gan cur isteach an tráth céanna ar áitritheoirí in aice láimhe.
- Éagsúlacht: Ba cheart machnamh a dhéanamh ar raon cineálacha spásanna oscailte agus aird ar áiseanna atá ann cheana sa cheantar agus na feidhmeanna atá beartaithe a sholáthar sna spásanna nua.
- Úsáid chomhroinnte: Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le húsáid saoráidí spáis oscailte a uasmhéadú (amhail páirceanna imeartha uile-aimsire), mar shampla, trína roinnt le scoileanna in aice láimhe.
- Bithéagsúlacht: Ba cheart do spásanna oscailte poiblí, go háirithe cinn níos mó, soláthar a dhéanamh maidir le raon gnáthóg nádúrtha agus is féidir leo caomhnú flóra agus fána a éascú.
- Úsáidtear Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbigh go minic chun an tionchar a bhíonn ag rith chun srutha uirbeach ar an timpeallacht uisceach a laghdú.
- Soláthar maidir le garraithe scóir agus gairdíní pobail: Is ceapaí beaga talún iad na garraithe scóir a ligtear ar cíos (údarás áitiúil a dhéanann é de ghnáth) le daoine aonair chun glasraí agus plandaí a chur iontu. Tá luach ar leith ag baint leo i limistéir ard-dlúis.

Is iad seo a leanas na caighdeáin chainníochtúla a mholtar:

- I láithreáin úrnua nó sna láithreáin sin a bhfuil plean ceantair áitiúil oiriúnach ina leith, ba cheart spás oscailte poiblí a sholáthar ag ráta 15% ar a laghad d'achar iomlán an láithreáin. Ba cheart don leithroinnt sin a bheith i bhfoirm spásanna oscailte áisiúla laistigh d'fhorbairtí cónaithe agus, i gcás inarb iomchuí, laistigh de pháirceanna comharsanachta níos mó chun freastal don phobal i gcoitinne;
- I gcásanna eile, cosúil le láithreáin mhóra inlíonta nó láithreáin athfhorbraíochta ba cheart spás oscailte poiblí a sholáthar go ginearálta ar ráta 10% ar a laghad d'achar iomlán an láithreáin; agus
- I gcás tailte institiúideacha agus roinnt láithreán príobháideach a bhfuil tailte móra oscailte mar chuid díobh a mbíonn rochtain ag an bpobal i gcoitinne orthu i roinnt cásanna, ní mór d'aon tograí le haghaidh forbairt chónaithe ar dhlús ard an cuspóir maidir le "saintréith oscailte" na dtailte sin a choimeád a chur san áireamh, agus a chinntiú an tráth céanna go mbainfear úsáid éifeachtúil as an talamh. Sna cásanna sin, ba cheart ceanglas íosta 20% d'achar láithreáin a shonrú; mar sin féin, ba cheart measúnú a dhéanamh air sin i gcomhthéacs cháilíocht agus sholáthar an spáis oscailte atá ann faoi láthair nó atá beartaithe sa limistéar trí chéile.

Maidir leis an ngné chainníochtúil, tugtar faoi deara sna Treoirlínte go mbeidh gá cur chuige níos solúbtha a ghlacadh maidir le caighdeáin na spásanna oscailte cainníochtúla agus go gcaithfear níos mó béime a chur ar na caighdeáin cháilíochtúla.

## 'Urban Design Manual - A best practice guide', RCORÁ, 2009

**Tabhair faoi deara, gur fiú an doiciméad tionlacan seo leis an doiciméad atá caite i gcártaí anois 'Guidelines for Planning Authorities on Sustainable Residential Development in Urban Areas (Cities, Towns & Villages)' a lua toisc go ndearnadh dian-mhachnamh ann ar dhearadh na ríochta poiblí)**

Doiciméad tionlacan leis na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha. Sa Treoir Láimhe cuirtear i láthair na príomhphrionsabail a bhaineann le dearadh uirbeach agus inbhuanaitheacht a mhéid a bhaineann siad le forbairt chónaithe. Fuair na prionsabail sin eolas dá réir sin ó na cáilíochtaí a bhaineann le háiteanna rathúla agus tarraingíonn suas 12 Chritéar chun an raon comaoineacha deartha a chur in iúl le haghaidh forbairt chónaithe mar seo a leanas:

COMHTHÉACS Cén chaoi a bhfreagraíonn an fhorbairt dá timpeallacht?

NAISC Cé chomh nasctha atá an chomharsanacht nua?

CUIMSITHEACHT Cé chomh héasca ar féidir le daoine an fhorbairt a úsáid agus a rochtain?

ÉAGSÚLACHT Cén chaoi a gcuireann an fhorbairt meascán maith gníomhaíochtaí chun cinn

ÉIFEACHTÚLACHT Cén chaoi a mbaineann an fhorbairt úsáid iomchuí as acmhainní, lena n-áirítear talamh?

SUAITHINSEACHT Cén chaoi a gcruthaíonn na tograí braistint áite?

INOIRIÚNAITHEACHT Cén chaoi a dtiocfaidh na foirgnimh i dtaithí ar athrú?

PRÍOBHÁIDEACHAS AGUS TAITNEAMHACHT Cén chaoi a soláthraíonn an scéim caighdeán taitneamhachta leormhaith?

LEAGAN AMACH Cén chaoi a gcruthaíonn an togra sráideanna agus spásanna a thaitneoidh le daoine?

AN RÍOCHT PHOIBLÍ Cé chomh sábháilte, slán agus taitneamhach atá na limistéir phoiblí?

PÁIRCEÁIL Cén chaoi a mbeidh an pháirceáil slán agus tarraingteacht?

DEARADH MIONSONRAITHE Cé chomh maith agus a rinneadh cíoradh ar dhearadh an fhoirgnimh agus an tírdhreacha?

Tá roinnt ceisteanna treorach agus táscairí ag teacht leis na critéir thuas chun a chinntiú go bhfuil forbairtí cónaithe agus na tírdhreacha iontu dea-dheartha.

**Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Treoirlínte maidir le Lonnaíochtaí Dlútha d'Údaráis Phleanála An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2024.**

Tháinig na Treoirlínte seo in ionad an doiciméid thuas in 2024, agus tá cuntas ann den mhéid seo a leanas:

**Bonneagar Glas agus Gorm**

Ba cheart na príomhphrionsabail seo a leanas a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn pleananna áitiúla á n-ullmhú agus nuair a bhíonn iarratais phleanála aonair á n-ullmhú agus á mbreithniú:

Pleanáil maidir le cosaint, athchóiriú agus feabhsú gnéithe nádúrtha, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha, agus a chinntiú go gcoinnítear forbairt uirbeach scartha amach agus siar go hiomchuí ó shócmhainní nádúrtha tábhachtacha. Ba cheart go bhféachfaí le forbairt nua gnéithe nádúrtha tábhachtacha a chosaint agus a fheabhsú (gnáthóga agus speicis) laistigh den láithreán agus timpeall air, ba cheart díghrádú na n-éiceachóras a sheachaint léi agus ba cheart bearta a bheith san áireamh inti in aghaidh aon tionchair éiceolaíochta dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith aici.

Pleanáil do líonra comhtháite spásanna glasa uirbeacha ilfheidhmeacha agus idirnasctha. Tugtar aghaidh air sin níos mó in Spás Oscailte Poiblí thíos.

Glasú uirbeach agus Réitigh Dhúlrabhunaithe a chur chun cinn (lena n-áirítear Córais Draenála Inbhuanaithe agus tionscnaimh chun an sreabhadh a mhoilliú) chun uiscí dromchla uirbeacha a bhainistiú i ngach forbairt nua agus aisfheistiú i limistéir atá ann cheana chun a chinntiú go gcuirtear in iúl na buntáistí a bhaineann le seirbhísí éiceachórais

Déan tagairt don Treoir-dhoiciméad Eatramhach *Nature-based Solutions to the Management of Rainwater and Surface Water Runoff in Urban Areas*, a d'fhoilsigh DHLGH in 2022 chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Dearadh Uirbeach Uisce-Íogair. Ba cheart d'údaráis phleanála cur chuige dúlrabhunaithe a ghlacadh maidir le draenáil uirbeach lena n-úsáidtear teicnící boginnealtóireachta agus fásra dúchasach (lena n-áirítear cosaint an chreasa bhruachánaigh) chun an tionchar ar phróisis nádúrtha abhann a íoslaghdú.

B'fhéidir nach bhféadfaí úsáid a bhaint as Réitigh Dhúlrabhunaithe ar leibhéal na talún ar láithreáin athfhorbraíochta áirithe i ngeall ar éilliú talún a bhain leis an am atá thart. I gcás mar sin, is féidir réitigh eile cosúil le díonta agus ballaí glasa a bhreithniú.

**Spás Oscailte Poiblí**

Ba cheart go mbeadh straitéis i ngach plean forbartha reachtúil chun ordlathas comhtháite spásanna agus conairí oscailte poiblí a sholáthar thar limistéar an phlean chun freastal ar riachtanais an daonra bheartaithe. Beidh sé tábhachtach go mbeidh fáil ar spásanna oscailte poiblí atá inrochtana agus ar ardchaighdeán laistigh de gach lonnaíocht atá mar chuid de líonra GBI níos leithne ó thaobh lonnaíochtaí inbhuanaithe a chruthú. Leis sin ba cheart ordlathas spásanna oscailte agus conairí poiblí ilfheidhmeacha a bheith i gceist atá inrochtana agus ina ndéantar foráil do riachtanais áineasa an daonra bheartaithe, agus spás á chruthú an tráth céanna do sheirbhísí dúlra agus éiceachórais.

Ba cheart cuspóirí a bheith sa straitéis maidir le spás oscailte poiblí sa phlean forbartha a bhaineann leis na nithe seo a leanas a sholáthar:

(a) Páirceanna agus glasbhealaí poiblí ar leibhéal réigiúnach, ceantair agus áitiúil. Bíonn na páirceanna sin faoi úinéireacht phoiblí go minic agus iad á mbainistiú go poiblí e.g. ag údarás áitiúil nó ag comhlacht poiblí mar Oifig na nOibreacha Poiblí nó Uiscebhealaí Éireann.

(b) Spás oscailte poiblí a sholáthraítear mar chuid de thograí forbartha nua. Ba cheart do na spásanna sin a bheith deartha ar bhealach a choinneoidh agus a chosnóidh na gnéithe nádúrtha agus gnáthóga tábhachta laistigh den láithreán agus chun an gnóthú bithéagsúlachta a uasmhéadú. Ba cheart go mbeidís mar chuid thábhachtach den dearadh foriomlán freisin. D’fhéadfaí na spásanna sin a thairiscint lena dtabhairt ar láimh don údarás áitiúil tar éis an fhorbairt a chur i gcrích.

Ba cheart eolas a bheith ag cuspóirí na straitéise do spás oscailte poiblí sa phlean forbartha ó chuspóirí RSESanna agus aon straitéis GBI réigiúnach. Ba cheart foirm, méid agus scaipeadh na spásanna oscailte poiblí nua a bheith faoi stiúir plean agus an soláthar spáis oscailte laistigh den cheantar á chur san áireamh agus na comaoineacha caomhnaithe dúlra agus comhshaoil i gcoitinne.

Cé nach ann do chaighdeán ar leith maidir le spás oscailte a sholáthar in aghaidh na lonnaíochta in Éirinn, moltar go ndéanfaí deiseanna a chothú chun an candam foriomlán de spás oscailte poiblí a fheabhsú agus chun an dúlra agus an bhithéagsúlacht a athchóiriú agus a fheabhsú laistigh de lonnaíochtaí i gcás ina dtagann deiseanna nua chun cinn, mar shampla, trí thionscadail athghiniúna nó feabhsaithe uirbigh agus i limistéir forbartha nua. Ba cheart riachtanais an daonra bheartaithe, na criosanna faoi chosaint, saintréithe tírdhreacha agus oibleagáidí reachtúla chun gnáthóga áirithe agus an bhithéagsúlacht a chosaint a chur san áireamh leis an leibhéal soláthair. Más féidir in aon chor é, beidh rochtain ag gach áitritheoir laistigh de lonnaíocht ar spás oscailte poiblí ilfheidhmeach agus é faoi fhad siúil dá dteach cónaithe.

Ba cheart spásanna oscailte poiblí a dhearadh ar bhealach a fhreastalóidh ar raon riachtanas áineasa gníomhach agus éighníomhach (lena n-áirítear súgradh, gníomhaíocht choirp, taisteal gníomhach, úsáidí cultúrtha agus gairdíní pobail agus garraithe scóir, de réir mar is cuí don chomhthéacs) agus an dúlra agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú. Beidh gá ann cothromaíocht a fháil idir rochtain fheabhsaithe ar shócmhainní nádúrtha agus an gá atá ann an comhshaol a chosaint toisc gur féidir le leibhéil mhéadaithe turasóireachta, spóirt agus áineasa tionchar diúltach a bheith acu ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlacht. Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh drochéifeachtaí díreacha nó indíreacha ag soláthar spásanna oscailte poiblí ar shláine na Láithreán Eorpach.

**Spás Oscailte Poiblí**

Tagraíonn spásanna oscailte poiblí i scéimeanna cónaithe do na spásanna oscailte ar cuid den ríocht phoiblí laistigh d’fhorbairt chónaithe iad. Sin rud ar leith ó pháirc phoiblí.

Déanann spásanna poiblí soláthar d’áineas gníomhach agus éighníomhach, caomhnú an dúlra, nasc do choisithe agus rothaithe agus scarann siad sráideanna agus foirgnimh ó thaobh radhairc de. Iarrtar ar gach forbairt chónaithe soláthar a dhéanamh le haghaidh candam réasúnta de spás oscailte poiblí. Is gá díriú ar cháilíocht fhoriomlán, ar luach taitneamhachta agus ar luach bithéagsúlachta na spásanna oscailte poiblí. Ba cheart do na spásanna comhtháthú agus gnéithe nádúrtha a bhfuil tábhacht leo agus conairí glasa agus gorma laistigh den láithreán a chosaint agus ba cheart dóibh tacaíocht a thabhairt do chaomhnú, athchóiriú agus feabhsú na bithéagsúlachta. Ba cheart go mbeadh an spás oscailte poiblí mar chuid lárnach freisin de dhearadh agus de leagan amach forbartha agus ordlathas spásanna nasctha a sholáthar, le gnéithe tírdhreacha oiriúnacha, lena n-áirítear suíocháin agus soláthar le haghaidh súgradh leanaí

**Beartas agus Cuspóir an Spáis Oscailte Poiblí**

Is beartas agus cuspóirí de chuid na dTreoirlínte seo é go n-áireofaí le pleananna forbartha reachtúla cuspóir(í) a bhaineann le spás oscailte poiblí a sholáthar i bhforbairtí cónaithe nua (agus i bhforbairtí úsáide measctha ina gcuimsítear gné chónaithe).

Is é an ceanglas a bheidh sa phlean forbartha ná le haghaidh soláthar spáis oscailte phoiblí nach lú ná 10% ar a laghad de ghlan-limistéar an láithreáin agus nach mó ná 15% ar a laghad de ghlan-limistéar an láithreáin ach amháin in imthosca eisceachtúla. Féadfar íoscheanglais dhifriúla (laistigh den raon 10-15%) a leagan síos le haghaidh limistéir dhifriúla. Ba cheart údar a thabhairt leis an íoscheanglas ag cur san áireamh an soláthar spáis oscailte phoiblí atá sa limistéar faoi láthair agus comaoineacha caomhnaithe an dúlra agus comaoineacha comhshaoil i gcoitinne.

I gcás láithreáin forbartha straitéiseacha agus inbhuanaithe, cinnfear an ceanglas maidir le spás oscailte poiblí íosta ar bhonn an phlean féin, agus beidh aird ar an gcur chuige foriomlán maidir le soláthar páirceanna poiblí laistigh den

limistéar.

I gcás láithreáin ina bhfuil gnéithe móra oidhreachta, tírdhreacha nó áineasa agus láithreáin a bhfuil ceanglais shonracha ag gabháil leo maidir le caomhnú an dúlra, b’fhéidir go gcaithfí cion níos airde den spás oscailte poiblí a choinneáil. Ní bheidh feidhm dá bhrí sin leis an raon 10-15% maidir le forbairt nua i limistéir den sórt sin.

I roinnt imthosca b’fhéidir go socródh údarás pleanála an ceanglas maidir le spás oscailte poiblí a thagann aníos faoin bplean forbartha a chur i leataobh (i bpáirt nó go hiomlán). Tarlaíonn sé sin i gcás ina measann an t-údarás pleanála go bhfuil sé dodhéanta i ngeall ar bhacainní láithreáin nó tosca eile, an spás oscailte go léir a lonnú ar an láthair. I gcásanna eile, d’fhéadfadh an t-údarás pleanála a mheas go bhfreastalófaí níos fearr ar riachtanais an daonra trí pháirc nua a sholáthar sa cheantar nó uasghrádú nó feabhas a chur ar spás oscailte poiblí nó ar thaitneamhacht atá ann cheana.

Moltar go gcuirfí foráil chuige sin san áireamh sa phlean forbartha ar mhaithe le solúbthacht. In imthosca den sórt sin, féadfaidh an t-údarás pleanála ranníocaíocht airgeadais a lorg faoi chuimsiú théarmaí Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) *in lieu* ar sholáthar laistigh de láithreán iarratais.

## Ready, Steady, Play: Treoirlínte na Straitéise Náisiúnta um Shúgradh

Mar chuid den Straitéis Náisiúnta do Leanaí, a seoladh i mí na Samhna 2000, chuir an Rialtas tiomantas ann maidir le Beartais Náisiúnta maidir le Súgradh agus Caitheamh Aimsire a fhorbairt. Is é is aidhm don straitéis seo deiseanna súgartha níos fearr a chruthú do leanaí. Is é cuspóir foriomlán na straitéise pleanáil do mhéadú ar áiseanna súgartha poiblí agus dá réir sin feabhas a chur ar cháilíocht saoil leanaí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn trí bhreis deiseanna súgartha a chur ar fáil dóibh.

Le foilsiú an bheartais seo, bhí Éire ar cheann de na céad tíortha ar domhan a raibh beartas náisiúnta mionsonraithe aici maidir le súgradh. Shocraigh an Rialtas a leithéid de bheartas a fhorbairt chun freastal ar thiomantais a rinneadh i gCoinbhinsiún na NA maidir le Cearta an Linbh (1989), sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000) agus i gClár an Rialtais (2002).

Is iad cuspóirí an Bheartais Náisiúnta um Shúgradh:

- Deis chainte a thabhairt do leanaí ó thaobh beartais agus saoráidí súgartha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
- Feasacht a mhéadú faoin tábhacht a bhaineann le súgradh.
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais súgartha leanaí trí thimpeallacht atá neamhdhíobhálach do leanaí a fhorbairt.
- An raon deiseanna súgartha poiblí atá ar fáil do gach leanbh a uasmhéadú, go háirithe do leanaí atá imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó faoi mhíchumas.
- Cáilíocht agus sábháilteacht na gclós súgartha agus na limistéar súgartha a fheabhsú.
- A chinntiú go bhfuil an oiliúint agus na cáilíochtaí ábhartha ar fáil do dhaoine a thairgeann seirbhísí súgartha agus seirbhísí gaolmhara do leanaí.
- Cur chuige comhpháirtíochta a fhorbairt maidir le maoiniú agus deiseanna súgartha a fhorbairt.
- An fhaisnéis maidir leis an soláthar súgartha do leanaí in Éirinn a fheabhsú, mar aon leis an meastóireacht ar an bhfaisnéis sin.

## Gníomhartha ar son na Bithéagsúlachta 2017–2021

Forbraítear an Plean Náisiúnta um Bithéagsúlacht i gcomhréir le straitéisí agus beartais Idirnáisiúnta agus de chuid an AE agus maidir leis an mBithéagsúlacht. Cuirtear na bearta a dhéanfaidh Éire i láthair mar ghníomhartha faoi shraith de 7 gcuspóir straitéiseacha. Áirítear ar na cuspóirí príomhshruthú na bithéagsúlachta ar fud an phróisis cinnteoireachta sa Stát, neartú an bhoinn eolais maidir leis an mbithéagsúlacht agus feasacht agus rannpháirtíocht phoiblí a mhéadú.

## An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025

Treochlár cúig bliana atá anseo arb é is aidhm dó cuidiú leis na beacha, le feithidí pailnitheacha eile agus lenár mbithéagsúlacht i gcoitinne. Tá an Plean nua níos uaillmhianaí ná an chéad cheann (2015-2020) – agus tá tuilleadh comhpháirtithe ag teacht le chéile chun tuilleadh gníomhartha a dhéanamh an t-am seo. Baineann sé le bealach níos fearr a spreagadh chun ár dtírdhreach iomlán a bhainistiú ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt go buan dár mbithéagsúlacht atá ag streachailt.

Tá 186 gníomh i bPlean 2021-2025 agus iad scaipthe thar sé chuspóir. Bhí grúpa stiúrtha 16 bhall i mbun an phlean ag déanamh maoirseachta, agus an cur i bhfeidhm á chomhordú ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Roinntear an fhreagracht maidir leis na gníomhartha sa Phlean nua seo a sheachadadh i measc na bpríomheagraíochtaí comhpháirtíochta.





## 2.4 An Comhthéacs Áitiúil

### Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath Theas 2019-2024

Sainaithnítear i bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2019-2024 gníomhartha ar fud na réimsí gníomhaíochta téamúla agus leagtar amach ann mar atá ag éirí le Comhairle Contae Átha Cliath Theas a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus a hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Geallann sí contae atá níos athléimní ó thaobh na haeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Theas agus tá sí meáite ar oibriú lenár saoránaigh. Tá dul chun cinn á dhéanamh de réir a chéile i dtreo na spriocanna a bhaint amach, ach mar sin féin de réir mar a athbhreithnítear agus a thugtar an reachtaíocht cothrom le dáta, déantar athbhreithniú dá réir sin ar na spriocanna. Is iad seo a leanas na réimsí téamacha:

- Fuinneamh agus Foirgnimh
- Iompar
- Athléimneacht Tuilte
- Réitigh Nádúrbhunaithe
- Bainistiú Acmhainní

### Plean Forbartha an Chontae

Rinneadh Plean Forbartha Chontae Átha Cliath Theas 2022-2028 an 22 Meitheamh 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 3 Lúnasa 2022. Leagtar amach i bPlean Forbartha Chontae Átha Cliath Theas an creat lena dtabharfar treoir d'fhorbairt sa todhchaí agus an fócas ar na háiteanna ina mairimid, na háiteanna ina n-oibrímid, agus an chaoi a ndéanaimid idirghníomhaíocht agus a ngluaisimid idir na háiteanna sin agus muid ag cosaint ár gcomhshaol ag an am céanna. Is é an aidhm dul chun cinn a dhéanamh i dtreo patrún forbartha níos inbhuanaithe do Bhaile Átha Cliath Theas sa ghar-thodhchaí agus go fadtéarmach suas go dtí 2040 agus ina dhiaidh sin.

Tá bonn taca ag Plean Forbartha an Chontae ó chineál dlúth-fhorbartha uirbí a chur chun cinn mar rud lárnach maidir leis an athrú aeráide a mhaolú. Féachann na beartais agus na cuspóirí sa Phríomh-Straitéis le soláthar a dhéanamh d'fhoirm uirbeach chomhdhlúite laistigh de lonnaíochtaí atá ann cheana atá comhtháite le hiompar poiblí atá ann cheana agus atá beartaithe agus le seachadadh bonneagair shóisialta agus fhisicigh, lena n-áirítear páirceanna agus spásanna oscailte.

Is é is aidhm don Chomhairle Contae oibriú i dtreo comharsanachtaí nasctha a sheachadadh, agus saoráidí agus seirbhísí pobail a sholáthar atá inrochtana i bhfoisceacht siúlóide nó rothaíochta 10 nóiméad ó bhaile, nó atá inrochtana trí sheirbhísí iompair phoiblí a nascann daoine le lonnaíochtaí atá scálaithe ar bhonn níos mó i gcás ina bhfuil seirbhísí den sórt sin ar fáil.

### Áirítear leis na beartais i bPlean Forbartha an Chontae:

Tacaíonn CCÁCT le soláthar saoráidí áineasa dár gcontae atá ag dul i méid. Tá daonra éagsúil atá ag dul i méid ag CCÁCT agus shainaithníomar an gá agus na riachtanais maidir le saoráidí áineasa d'ardchaighdeán a sheachadadh mar thacaíocht do riachtanais sláinte, folláine agus áineasa ár ndaonra inár mbeartais chorparáideacha agus inár bpleananna cur i bhfeidhm.

Beartas COS4: Saoráidí agus Ionaid Spóirt

A chinntiú go bhfaigheann gach pobal tacaíocht ó raon saoráidí spóirt atá oiriúnach dá bhfeidhm, agus atá inrochtana agus inoiriúnaithe.

COS4 Cuspóir 1:

Soláthar agus bainistiú bonneagair spóirt agus áineasa ardchaighdeáin, ilfheidhmeach a chur chun cinn ar fud an Chontae, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, chun freastal ar riachtanais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, chun moil spóirt agus páirceanna imeartha saorga ilspóirt a áireamh, i gcomhréir le Straitéis Páirceanna Spóirt Chomhairle Contae Átha Cliath Theas (2020), an Beartas Náisiúnta Spóirt (2018-2027) agus na haidhmeanna i gComhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas, ag teacht le RPO 9.15 de RSES.

COS4 Cuspóir 8:

Tacaíocht a thabhairt maidir le spás buan a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa dea-bhunaithe ag suíomhanna iomchuí sa Chontae, agus é a chur rompu na caighdeáin agus na coinníollacha a leagann Comhlachtaí

Rialaithe Náisiúnta síos le haghaidh limistéir súgartha den sórt sin a chomhlíonadh, i gcás inar féidir é agus i gcomhréir le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe.

COS4 Cuspóir 11:

Éascaíocht a dhéanamh a mhéid is féidir ar an spórt uile a imríonn saoránaigh Chontae Átha Cliath Theas lena n-áirítear rugbaí, ag aithint an líon méadaithe a bhíonn páirteach sa spórt agus riachtanais áirithe an chluiche i dtéamaí na bpáirceanna imeartha.

COS4 Cuspóir 19:

A chinntiú i gcás inar féidir é agus inar cuí é, go bhfreastalaíonn gach páirc imeartha uile-aimsire poiblí arna soláthar ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar gach spórt foirne agus go bhfuil siad sách mór do pháirc imeartha lánmhéide CLG.

COS5 Cuspóir 3: Tacú le cur i bhfeidhm agus le leathnú Chlár Déagspás na Comhairle (2021) agus cur i bhfeidhm na Straitéise Páirceanna Spóirt (2020) nó aon doiciméid a tháinig ina n-ionad.

COS5 Cuspóir 13: A chinntiú go bhfuil soláthar i bpáirceanna agus i spásanna oscailte le haghaidh raon leathan gníomhaíochtaí áineasa agus taitneamhachta atá inrochtana go héasca do gach duine sa phobal, gan beann ar aois ná ar chumas

COS5 Cuspóir 14: A chinntiú go bhfuil an spás oscailte poiblí agus saoráidí áineasa gaolmhara inrochtana trí shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí, de réir mar a oireann dá suíomh laistigh den ordlathas spáis oscailte atá leagtha síos i dTábla
8.1 agus go gcuimsítear ann spásanna páirceála sábháilte do rothair ag suíomhanna iomchuí.

## Straitéis maidir le Bonneagar Glas

Tá Straitéis maidir le Bonneagar Glas (BG) don Chontae mar bhonn ag an bPlean Forbartha. Is é an sainmhíniú atá ag an AE ar an mBonneagar Glas ná:

***"líonra de limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha atá pleanáilte go straitéiseach ag a bhfuil gnéithe comhshaoil eile atá deartha agus bainistithe chun raon leathan seirbhísí éiceachórais a chur ar fáil amhail íonú uisce, cáilíocht an aeir, spás don áineas agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó."***

Soláthraíonn limistéir thuaithe, gleannta abhann, foraoisí, coillearnaí, fálta sceach, crainn agus páirceanna agus spásanna oscailte an Chontae seirbhísí ceaptha carbóin luachmhara, ina ndéantar CO2 a ionsú ón atmaisféar agus ina stóráiltear é san ithir. I limistéir uirbeacha, trí phlandú crann agus idirghabhálacha áitiúla eile mar chuid den bhonneagar glas soláthraítear fuarú agus scáth, agus cinntítear timpeallacht chompordach ar féidir le cónaitheoirí agus cuairteoirí araon maireachtáil ann. Is féidir le plandú BG agus SuDS ról suntasach a bheith acu freisin i rith chun srutha uisce stoirme.

Is rudaí iad páirceanna agus spásanna oscailte atá lárnach ó thaobh comharsanachtaí nasctha a bhaint amach agus timpeallachtaí uirbeacha ar féidir siúl iontu a éascú. Agus é mar chuid ríthábhachtach den líonra BG ar fud an Chontae, tá spás oscailte poiblí lárnach do rath na mbeart maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide trí réitigh dhúlrabhunaithe.

## Plean Gníomhaíochta Pailneoirí CCÁCT 2021-2025

I mí Aibreáin 2021 sheol Comhairle Contae Átha Cliath Theas Plean Gníomhaíochta Pailneoirí CCÁCT 2021-2025. Tá an Plean Gníomhaíochta Pailneoirí bunaithe ar an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus leagtar amach raon leathan gníomhartha ann a bhfuil Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta dóibh thar cúig bliana an phlean.

Léiríonn seachadadh na ngníomhartha áitiúla pailneoirí ó CCÁCT tiomantas na Comhairle do ghnáthóga agus d'fhoinsí bia a chur chun cinn do phailneoirí i mBaile Átha Cliath Theas agus aghaidh a thabhairt ar na meath tobann atá tagtha ar dhaonraí beach.

## Plean Bithéagsúlachta CCÁCT 2020-2026 'Ag Ceangail leis an Dúlra'

Cuirtear cúlra i láthair sa phlean gníomhaíochta maidir le héagsúlacht an dúlra sa Chontae agus na dúshláin atá le sárú ag an mbithéagsúlacht agus ag an gContae in am seo an athraithe.

Tugtar imlíne sa doiciméad de shraith cuspóirí agus gníomhartha arb é is aidhm dóibh bithéagsúlacht an Chontae a chosaint agus a fheabhsú, agus é dírithe freisin ar a chinntiú go leanann cónaitheoirí, gnóthaí agus cuairteoirí an Chontae ag baint taitnimh agus tairbhe as an iliomad seirbhísí a thagann ón dúlra.

Is freagra atá sa phlean gníomhaíochta ar oibleagáidí náisiúnta faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021 agus faoi bheartas Eorpach faoi Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030.

## Straitéis Páirceanna Spóirt CCÁCT 2020-2035

Leagtar amach i Straitéis Páirceanna Spóirt CCÁCT an gá atá le páirceanna spóirt poiblí thar shaolré na straitéise agus féachtar le haghaidh a thabhairt ar an éileamh a thiocfaidh

chun cinn. Tá na gníomhartha sa phlean roinnte mar seo a leanas:

- Coibhéisí imeartha cluichí na bpáirceanna imeartha atá ann cheana a fheabhsú.
- Solúbthacht a choinneáil maidir le húsáid agus leithdháileadh páirceanna imeartha chun úsáid na bpáirceanna a uasmhéadú.
- An cumas a choimeád chun cumrú na bpáirceanna imeartha a athrú trí dhearadh agus bainistiú dearfach.
- Deiseanna a lorg agus a sholáthar le haghaidh páirceanna imeartha nua féir chun freastal don éileamh méadaithe.
- Páirceanna imeartha saorga a sholáthar chun cur leis an acmhainn fhadtéarmach agus an riachtanas traenála a chomhlíonadh.

## Beartas um Bainistíocht Crann CCÁCT 2021-2026 ‘Maireachtáil le Crainn’

Cuirtear i dtábhacht sa doiciméad an tábhacht atá le crainn inár gContae. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Bheartais:

- Leanúint ag cur clár bainistíochta crann réamhghníomhach i bhfeidhm.
- An cumhdach crann sa Chontae a leathnú.
- Clár feasachta poiblí agus oideachais a chur i bhfeidhm.

Tá deis leis an mbeartas cur chuige réamhghníomhach agus córasach a ghlacadh maidir le bainistiú crann, as a leanfaidh daonra crann níos folláine agus lena gcruthófar timpeallacht níos glaise, níos inbhuanaithe do chónaitheoirí agus do chuairteoirí chuig an gContae.

## Treoir Mhínithe, Dhearaidh agus Mheasúnaithe maidir le Draenáil Inbhuanaithe Bhaile Átha Cliath Theas

Leis na Córais Draenála Nádúrtha Inbhuanaithe (SuDS) bítear in ann córas draenála uisce dromchla inbhuanaithe agus nádúrtha a chur i bhfeidhm. Tairgeann na cineálacha sin SuDS tairbhí éagsúla i gcomparáid le córais draenála traidisiúnta agus é mar aidhm acu na buntáistí atá le huisce báistí ach a dtosóidh sí ag titim ar an dromchla, a uasmhéadú. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn SuDS caighdeán rith chun srutha an uisce dhromchla agus go laghdaíonn sé an méid rith chun srutha ach feabhsaítear leis freisin gnéithe áirithe forbairtí amhail an bhithéagsúlacht, taitneamhacht phoiblí agus bíonn limistéir níos tarraingtí don tsúil agus níos beoga dá bharr. Cuidíonn siad freisin chun cur in aghaidh dhrochéifeachtaí an athraithe aeráide trí theochtaí a laghdú ar leibhéal sráide i limistéir uirbeacha agus an méid rith chun srutha a bhíonn ag uisce báistí a laghdú, rud ar féidir cuidiú leis chun deacrachtaí a bhíonn le tuilte a mhaolú. An bealach is fearr le cur síos a dhéanamh ar SuDS is ea mar rud lena dtairgtear réiteach “iomlán” ar bhainistiú uisce báistí agus is féidir breathnú ar an draenáil thraidisiúnta mar rud nach soláthraíonn ach cur chuige “bailithe agus diúscartha”.

Cuimsítear le SuDs dea-dheartha “Traein bainistíochta SuDS” a bhainistíonn titim báistí chomh gar agus is féidir don áit ina dtiteann an bháisteach ar an dromchla, ag úsáid gnéithe draenála nádúrtha ina gcuimsítear fásra más féidir in aon chor é. Gabhann rith chun srutha an uisce dhromchla ansin trí shraith córas SuDS áitiúil agus réigiúnach sula scaoiltear amach sa deireadh é chuig an sruthchúrsa ina dtéann sé nó sa líonra draenála uisce dromchla ag rátaí rith chun srutha láithreán úrnua réamhfhorbartha. Níl SuDS teoranta d’fhorbairtí nua agus is féidir iad a aisfheistiú isteach i bhforbairtí atá ann cheana freisin.

Ionas go mbeidh sé inghlactha laistigh de spás oscailte poiblí i mBaile Átha Cliath Theas, dearfar SuDS nádúrtha chun cloí leis na 4 cholún de dhearadh SuDS;

- Cainníocht uisce a bhainistiú agus a rialú
- Cáilíocht an uisce a chothabháil agus a fheabhsú (más gá)
- An bhithéagsúlacht a chothabháil agus a fheabhsú
- Soláthar a dhéanamh do thaitneamhacht phoiblí agus do dhearadh tírdhreacha ar ardchaighdeán
-

## An Straitéis Náisiúnta Áineasa faoin Aer

D’fhorbair Comhairle na Tuaithe Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Tugtar fís agus creat uileghabhálach sa straitéis le haghaidh fhás agus fhorbairt an áineasa faoin aer in Éirinn, agus cruthaítear cur chuige comhroinnte don iliomad straitéis, clár, gníomhaireacht agus gné in earnáil áineasa faoin aer na hÉireann.

## An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tarraingítear aird sa bheartas náisiúnta seo ar thionchar agus ar thábhacht an spóirt ar fud shochaí na hÉireann, soláthraítear fís ann do Spórt na hÉireann in 2027 agus sainítear na príomhghníomhartha a theastaíonn chun na spriocanna uaillmhianacha atá sa bheartas a bhaint amach:

“Príomhról d’Údaráis Áitiúla

Tá na hÚdaráis Áitiúla mar phríomhpháirtithe leasmhara i gcomhthéacs na spásanna poiblí a úsáidtear go forleathan i gcomhair gníomhaíochta spóirt agus fisicí. Bainistíonn siad

na páirceanna poiblí; tá siad freagrach as an ngréasán bóithre áitiúil; agus tá siad mar phríomhéascaitheoirí d'áineas faoin aer le beagnach 1 as 5 siúlóirí áineasa ag siúl i bpáirceanna poiblí agus 1 as 3 rannpháirtí spóirt páirteach i spásanna poiblí. Is minic a úsáidtear spásanna poiblí ar bhonn neamhfhoirmiúil trí ghrúpaí a bhuaileann le chéile agus a chuireann oiliúint ar a chéile agus baineann clubanna spóirt úsáid fhorleathan freisin as na spásanna sin."

GNÍOMHAÍOCHT 8 Bunóimid, trí Spórt Éireann, tionscnamh chun tacú le hÚdaráis Áitiúla Pleananna Spóirt Áitiúla a fhorbairt a bheidh ar aon dul le fís agus cuspóirí foriomlána an Bheartais Náisiúnta Spóirt seo. Déanfar athbhreithniú sa Phlean Áitiúil ar na riachtanais agus leagfar amach ann gníomhartha chun an rannpháirtíocht a mhéadú go háitiúil. Forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm é i gcomhar le LSPanna, clubanna, pobail agus comhpháirtithe laistigh agus lasmuigh de chúrsaí spóirt.

GNÍOMHAÍOCHT 22 Oibreoimid le páirtithe leasmhara ábhartha chun iniúchadh a dhéanamh ar an leas a d'fhéadfaí a bhaint as clár nua maoinithe spóirt reatha faoi scéim spriocdhírithe chun tacú le scoileanna ar bhonn inbhuanaithe chun íoc as costais réasúnacha (cosúil le hiompar riachtanach agus saoráidí a fháil ar cíos) a thabhaítear chun an snáithe ar oiliúint uisce sa churaclam Corpoideachais a sheachadadh. Spreagfaimid Údaráis Áitiúla chun comhroinnt bhreise saoráidí a chur chun cinn agus a éascú go háitiúil, go háirithe i gcás ina bhfuil acmhainn ar fáil ag amanna seachbhuaice le linn an lae, sa tráthnóna nó le linn tréimhsí saoire i gcás bunaíochtaí oideachais. Leis sin beidh comhoibriú dlúth le clubanna agus le comhlachtaí spóirt, le scoileanna agus coláistí, soláthraithe áiseanna fóillíochta agus daoine eile. Mar chuid de na Pleananna Spóirt Áitiúla, beidh na hÚdaráis Áitiúla i gceannas ar thionscnaimh chomhoibríocha eile chun rochtain a fheabhsú go háitiúil e.g. tiocfaidh Údaráis Áitiúla agus LSPanna le chéile chun féachaint ar conas is féidir le pobail áitiúla níos mó úsáide a bhaint as limistéir áineasa le haghaidh gníomhaíocht spóirt agus fhisiceach e.g. le bheith ag rith i bpáirceanna.

"Tá ról mór ag Údaráis Áitiúla ó thaobh rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn sa phobal. Infheistíonn siad acmhainní móra i mbonneagar fisiceach le haghaidh gníomhaíocht spóirt agus fhisiceach agus fostaíonn siad oifigigh forbartha spóirt agus áineasa. Bíonn siad ag gabháil go tréan d'fhorbairt pobail trí na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla agus na Pleananna Eacnamaíocha agus Pobail Áitiúla a bhaineann leo, ina bhféachtar le cáilíocht bheatha agus folláine na bpobal a fheabhsú, rud atá nasctha go láidir leis an gclár oibre beartais maidir le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil. Tá dlúthchaidreamh oibre acu le LSPanna agus le NGBanna, le clubanna spóirt, le soláthraithe áiseanna, scoileanna, grúpaí pobail agus le páirtithe leasmhara eile go háitiúil. Mar a dúradh cheana, feicimid acmhainn le haghaidh ról leathnaithe d'Údaráis Áitiúla a bheith ar thús cadhnaíochta laistigh agus lasmuigh de chúrsaí spóirt ina gceantar áitiúil."

## Plean Átha Cliath Theas Gníomhach 2023 (Plean Spóirt Áitiúil CCÁCT):

Ar an 8/5/2023 dhaingnigh CCÁCT go foirmiúil aidhmeanna agus gníomhartha an chéad Phlean Áitiúil Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp i gcomhair an chontae don tréimhse 2023-2028.

Is "Átha Cliath Theas Gníomhach" is teideal don phlean agus eascraíonn sé ó Ghníomhaíocht 8 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ina n-iarrtar ar gach údarás áitiúil pleananna spóirt áitiúla a fhorbairt.

Is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas an chéad údarás áitiúil ar fud na tíre a bhain an aidhm seo amach. Áirítear roinnt mhaith cuspóirí agus gníomhartha uaillmhianacha leis an bplean i réimsí amhail deiseanna rannpháirtíochta, forbairt áiseanna, tacaíocht do chlubanna agus oiliúint do cheannairí, chun tacaíocht a thabhairt do gach saoránach sa chontae agus iad a spreagadh, gan beann ar a n-aois, cúlra nó cumas, saol sláintiúil gníomhach a chaitheamh. Áirítear le ranna ábhartha:

Uaillmhian 4:

An cumas atá ag sócmhainní nádúrtha agus fisiceacha atá ann cheana a bharrfheabhsú, leithéidí ionaid pobail, páirceanna, sléibhte, uisce, ionaid fóillíochta agus scoileanna mar áiteanna ina dtarlaíonn spórt, gníomhaíocht choirp agus áineas.

Uaillmhian 6:

Feabhas mór a chur ar an bhfáil atá ar áiseanna agus ar spásanna spóirt, áineasa agus gníomhaíochta coirp ardchaighdeáin trínár gclár caipitil spóirt agus cláir chaipitil eile a sheachadadh ina n-iomláine.

- Oibriú i ndlúthchomhar chun na tionscadail bheartaithe sa Chlár Caipitil Trí Bliana reatha 2023-2025 agus ina dhiaidh sin a sheachadadh, agus féachaint leis an raon spóirt, gníomhaíochta coirp agus tionscadal áineasa i gcláir chaipitil na Comhairle a leathnú, bunaithe ar an riachtanas agus ar an éileamh ar a ndearnadh measúnú.

- A chinntiú go bhfuil na cláir oibre in Átha Cliath Theas Gníomhach ailínithe le cur i bhfeidhm leanúnach phleananna straitéiseacha na Comhairle agus go dtacaíonn siad leo le haghaidh páirceanna imeartha, páirceanna agus spásanna oscailte, bonneagar glas, straitéisí rothaíochta agus straitéisí ábhartha eile

# AGUISÍN 4

# RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

## 4.1 Suirbhé ar Úsáideoirí Páirceanna

Tá an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte bunaithe ar Shuirbhé Úsáideoirí Pháirceanna Bhaile Átha Cliath Theas, ina bhfuil ceistneoir poiblí ar líne chun tuairimí agus dearcthaí áitiúla a bhailiú maidir le cáilíocht agus méid na bpáirceanna sa Chontae.

### Freagraí ar an gCeistneoir

Bhí an ceistneoir ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus físeán fógraíochta ag gabháil leis, agus cuimsíodh leis:

Cuid 1: Comhthéacs

C1, 13 + 14 Sonraí pearsanta an fhreagróra

Cuid 2: Tuiscint a fháil ar an Úsáid a bhaineann an Pobal as Páirceanna an Chontae

| C2 | Cén ceann de na páirceanna seo a leanas ar thug tú cuairt orthu i gContae Átha Cliath Theas le 12 mhí anuas? (Roghnaigh gach ceann is infheidhme) | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Páirc Chorcaí | 2,076 | 25% |
| 2 | Páirc Thigh Motháin | 2,092 | 25% |
| 3 | Páirc Ghleann na Dothra | 1,373 | 16% |
| 4 | Páirc Bhaile Uaitéir | 520 | 6% |
| 5 | Páirc Ghleann an Ghrífín | 912 | 11% |
| 6 | Níor thug mé cuairt ar cheann ar bith de na páirceanna thuas le 12 mhí anuas | 159 | 2% |
| | Eile/gan freagra | 1,216 | 15% |

| C3 | Mura ndeachaigh tú chuig aon cheann de na páirceanna seo le 12 mhí anuas, cé acu de na roghanna seo a leanas a dhéanann cur síos ar do chúis gan dul chucu? Roghnaigh gach ceann is infheidhme | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá siad rófhada uaim nó ródheacair dul chomh fada leo | 350 | 9% |
| 2 | Níl aon suim agam i bpáirceanna | 16 | 0.5% |
| 3 | Tá cineálacha eile spásanna oscailte nó páirceanna gar dom ar fearr liom cuairt a thabhairt orthu | 404 | 9% |

| C4 | Cén pháirc is gaire do do theach cónaithe? | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Páirc Chorcaí | 889 | 19% |
| 2 | Páirc Thigh Motháin | 1,095 | 23% |
| 3 | Páirc Ghleann na Dothra | 808 | 17% |
| 4 | Páirc Bhaile Uaitéir | 178 | 4% |
| 5 | Páirc Ghleann an Ghrífín | 629 | 13% |
| 6 | Páirc Chluain Dolcáin | 133 | 3% |
| 7 | Eile/gan freagra | 990 | 21% |

| C5 | Arb í an pháirc is gaire do do theach an ceann is minice a dtugann tú cuairt uirthi? | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Tá | 3,212 | 79% |
| 2 | Níl | 765 | 19% |
| | Gan freagra | 66 | 2% |

| C6 | Cén chaoi a dtéann tú chomh fada leis an bpáirc seo de ghnáth? | | |
|---|---|---|---|
| 1 | De shiúl na gcos | 2,804 | 57% |
| 2 | Rothar | 431 | 9% |
| 3 | Iompar poiblí | 41 | 1% |
| 4 | Gluaisteán | 1,497 | 31% |
| | Eile/gan freagra | 91 | 2% |

| C7 | Cad iad na príomhchúiseanna atá agat le dul chuig an bpáirc seo (cuir in ord tábhachta)? | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Aclaíocht a dhéanamh | 2,728 | 27% |
| 2 | An madra a thabhairt ar shiúlóid | 1,481 | 14% |
| 3 | Na leanaí a thabhairt amach ag súgradh | 1,719 | 17% |
| 4 | Bualadh le cairde | 1,119 | 11% |
| 5 | Am a chaitheamh amuigh faoin | 2,416 | 24% |

| C8 | Roimh ghéarchéim Covid-19, cé chomh minic a théadh tú chuig an bpáirc seo? | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Go laethúil | 1,174 | 28% |
| 2 | Go seachtainiúil | 2,096 | Feabhas 50% |
| 3 | Go míosúil | 555 | 13% |
| 4 | Ní chomh minic sin | 277 | 7% |

| C9 | Cé chomh minic a théann tú chuig an bpáirc seo anois – le linn ghéarchéim shíorathraithe Covid-19? | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Go laethúil | 1,983 | 47% |
| 2 | Go seachtainiúil | 1,566 | 38% |
| 3 | Go míosúil | 284 | 7% |
| 4 | Ní chomh minic sin | 287 | 7% |
| | Gan freagra | 53 | 1% |

| C10 | Cén fhad a chaitheann tú iontu de ghnáth? | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Níos lú ná 30 nóiméad | 158 | 4% |
| 2 | 30 nóiméad – 1 uair an chloig | 2,142 | Feabhas 50% |
| 3 | 1-2 uair an chloig | 1,613 | 38% |
| 4 | 2-4 uair an chloig | 251 | 6% |
| 5 | Níos mó ná 4 uair an chloig | 45 | 1% |

| C11 | Cén marc a thabharfá do bhail reatha na páirce seo? |
|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Thar Barr | 804 | 20% |
| 2 | Go maith | 2,017 | 49% |
| 3 | Maith go leor | 895 | 22% |
| 4 | Drochbhail air | 321 | 8% |
| | Gan freagra | 55 | 1% |

| C12 | Dá mbeadh tuilleadh feabhais le cur ar an bpáirc cé na príomhthosaíochtaí a bheadh ann, dar leat? Cuir cúig mhír thosaíochta in ord tábhachta | | |
|---|---|---|---|
| | An pháirc a bheith níos neamhdhíobhálaí don bhithéagsúlacht | 1,291 | 6% |
| | Uaireanta oscailte na páirce a leathnú | 511 | 2.5% |
| | Inrochtaineacht níos fearr a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas | 689 | 3% |
| | Saoráidí leithris a sholáthar/a fheabhsú | 2,475 | 12% |
| | Gníomhaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga a choinneáil nó a mhéadú | 1,532 | 7.5% |
| | Glaineacht na páirce a fheabhsú | 1,686 | 8% |
| | Sábháilteacht phearsanta níos fearr | 1,877 | 9% |
| | Bail gheataí, chosáin agus/nó bhinsí na páirce a fheabhsú | 1,350 | 7% |
| | Tuilleadh bláthanna/bleibíní a chur | 1,297 | 6% |
| | Saoráidí páirceála a fheabhsú | 646 | 3% |
| | Dul i ngleic le salachar madraí | 1,595 | 8% |
| | Comharthaíocht a fheabhsú | 330 | 2% |
| | Caiféanna a sholáthar | 1,694 | 8% |
| | Uisce óil a sholáthar | 1,232 | 6% |
| | Faisnéis a thabhairt ar 'Ná fág aon lorg' agus Scéimeanna Glasa do Shiúlóirí Madraí | 1,231 | 6% |

| C15 | An bhfuil spéis agat a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí deonacha inár bPáirceanna agus Spásanna Oscailte? | | |
|---|---|---|---|
| | Tá | 1,064 | 26% |
| | Níl | 2,377 | 59% |
| | Gan freagra | 609 | 15% |

## 4.2 Comhairliúchán maidir leis an gClár *Déagspás*

Mar chuid den Chlár Déagspás, bhí próiseas comhairliúcháin maidir leis na meáin shóisialta a bhí dírithe ar dhéagóirí idir 13-19 mbliana laistigh de réigiún Chontae Átha Cliath Theas. Cuireadh 500 aighneacht isteach chuig an gcéad fheachtas ilmheán. Tá an clár 'déagspás' i bhfeidhm ar fud an chontae agus rinneadh spásanna do dhéagóirí a sheachadadh ag roinnt suíomhanna. Rinneadh suirbhé eatramhach agus tuarascáil maidir le déagóirí le linn don chlár a bheith á sheachadadh; agus léiríodh go n-úsáidtear na spásanna do dhéagóirí go forleathan agus go bhfuil an-tóir orthu sna pobail inar cuireadh ar fáil iad.

Léiríodh sna suirbhéanna a rinneadh le linn an chláir go n-airíonn déagóirí go bhfágtar ar lár iad go minic as roinnt mhaith áiteanna poiblí, agus mothaíonn siad nach mbíonn fáilte rompu, ní mhothaíonn siad sábháilte agus cuireann gníomhaíocht fhrithshóisialta ó dhoras iad. Mheas os cionn 90% de na daoine a thug freagra go raibh an tábhacht is mó le limistéir ina féidir leo bualadh le chéile le haghaidh gníomhaíocht fhisiciúil nach mbíonn pleanáilte, i gcomparáid le díreach 5% a bhíonn ar thóir breis áiseanna spóirt.

## 4.3 Comhairliúcháin ábhartha eile

Mar chuid den uasghrádú a rinneadh le déanaí ar Pháirc Chill an Ardáin i gComharsanacht Thamhlachta i mBaile Átha Cliath Theas, tugadh faoi chleachtadh rannpháirtíochta pobail forleathan chun aghaidh a thabhairt ar an timpeallacht a bhfuil meath ag teacht uirthi agus ar thuairimí diúltacha maidir leis an bpáirc, lena n-áirítear:

- Bhí agallaimh ar siúl le 28 ceannaire pobail;
- Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn ó fhoinsí éagsúla sa phobal, lena n-áirítear an Pobalscoil agus an club CLG; Suirbhé ar líne inar lorgaíodh tuairimí mhuintir na háite maidir le hathfhorbairt na páirce - agus fuarthas 1,269 freagra air sin; Ceardlanna le hionadaithe tofa agus páirtithe leasmhara eile; agus 'Iniúchadh insiúltachta' leis na Gardaí áitiúla.

Thug an comhairliúchán ardán don phobal áitiúil a gcuid tuairimí a thabhairt ar thodhchaí na páirce agus cinntíodh go raibh na feabhsuithe a beartaíodh don pháirc leagtha amach dá gcuid uaillmhianta agus riachtanais.

Léiríonn an néal focal thíos na gnéithe is tábhachtaí dar le háitritheoirí Chill an Ardáin ba cheart a choinneáil agus a fheabhsú ina bpáirc agus, bunaithe ar aiseolas ón gcleachtadh Comhairliúcháin Pobail is leithne maidir le Páirceanna Bhaile Átha Cliath Theas, is féidir é a mheas mar léiriú ionadaíoch ar uaillmhianta roinnt mhaith comharsanachtaí eile.




*Fíor 1: Néal Focal ón gComhairliúchán maidir le Páirc Chomharsanachta Chill an Ardáin*

TEEN SPACE

